Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

# Ollscoil Mhá Nuad
## Comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus idirchultúrachas

### Tuarascáil Bhliantúil EDI 2019/20



# Clár




| | |
|---|---|
| **Réamhrá** | 3 |
| **Achoimre Feidhmiúcháin** | 4 |
| **Réamhrá** | 6 |
| **Creat Reachtach** | 7 |
| Dualgas na hEarnála Poiblí | 7 |
| **Struchtúir & Líonraí EDI MU** | 8 |
| Coiste EDI | 8 |
| Oifig an Leas-Uachtaráin um Chomhionannas agus Éagsúlacht | 9 |
| Iniúchadh Bliantúil ar Chomhionannas | 9 |
| **Gníomhaíochtaí agus Éachtaí** | 10 |
| **Comhionannas Inscne** | 10 |
| Athena SWAN | 11 |
| Tionscnamh Ceannaireachta Acadúil Sinsearach | 12 |
| Clár Aurora | 12 |
| **Ollscoil a thacaíonn le teaghlaigh** | 12 |
| Líonra Tuismitheoirí agus Cúramóirí | 12 |
| Saoire Mháithreachais agus Ag filleadh ar an Obair | 12 |
| Tréimhse Taighde Athena SWAN 'Saor ó Theagasc' nó Aistrithe Sínte | 12 |
| **LGBTQIA+** | 13 |
| **Éagsúlacht Chultúrtha – Cine & Eitneachas** | 13 |
| InSPIREurope | 14 |
| Cothromas Cine in Ollscoil Mhá Nuad - Seisiúin Díospóireachta le Mic Léinn. | 14 |
| Ollscoil Tearmann | 15 |
| Timpeallachtaí Foghlama Idirchultúrtha a Chruthú | 15 |
| **Míchumas** | 16 |
| Saoráidí agus Inrochtaineacht | 16 |
| For-rochtain | 16 |
| **Cur i bhFeidhm an Chreata Toilithe** | 16 |
| Bronnadh Bonn an Uachtaráin 2020 ar Laura Madden | 17 |
| **Obair EDI le linn COVID-19** | 17 |
| **Imeachtaí/Gníomhaíochtaí/Éachtaí Eile in 2019/20** | 18 |
| **Clár Rochtana Mhá Nuad** | 19 |
| Freagairt MAP ar COVID-19 | 19 |
| TIONSCNAIMH STRAITÉISEACHA – Cistiú Náisiúnta | 20 |
| COSÁN 1 - Smaoinigh ar an Múinteoireacht | 20 |
| COSÁN 3 - College Connect – Cur Chuige Réigiúnach i Leith Rannpháirtíocht a Leathnú | 21 |
| COSÁN 2 - Scéim Sparánachta 1916 | 22 |
| Comhpháirtíocht Phríosún Mhuinseo - Ollscoil Mhá Nuad | 23 |
| Taistealaithe agus Romaigh | 25 |
| **Aguisín 1: Próifíl Foirne** | 26 |
| De réir Inscne | 26 |
| De réir aoise | 26 |
| De réir míchumais | 27 |
| De réir náisiúntachta | 27 |
| **Aguisín 2: Próifíl Mic Léinn:** | 28 |
| De réir Inscne | 28 |
| De réir aoise | 28 |
| De réir míchumais | 29 |
| De réir Thír Chónaithe | 29 |
| De réir eitneachta | 29 |
| **Aguisín 3: Earcú agus Ardú Céime Foirne** | 30 |
| Gach Iarratasóir (Foireann ATP, Foireann Taighde agus Acadóirí) | 30 |
| Iarratasóirí Acadúla de réir Inscne | 30 |
| Iarratasóirí ATP de réir Inscne | 30 |
| Iarratasóirí Taighde de réir Inscne | 30 |
| Próifíl Iarratasóra | 31 |
| Earcú agus Ardú Céime Foirne | 31 |
| **Aguisín 4: Sonraí Comhionannais Inscne** | 32 |
| Struchtúir rialachais agus bainistíochta | 32 |
| Próifíl den Fhoireann Acadúil de réir Inscne | 32 |
| Próifíl den fhoireann ATP de réir Inscne | 32 |
| Foireann de réir Chatagóir an Phoist | 33 |
| Foireann de réir Disciplíne | 34 |
| **Tábla na bhFigiúlrí** | 35 |
| **Liosta Giorrúchán** | 36 |





Clár Rochtana Mhá Nuad

## 2,732

**MAC LÉINN**

atá tar éis bheith aitheanta mar chuid de ghrúpa faoi ghannionadaíocht.



Comhionannas Inscne

## 2Ú IN ÉIRINN

Bhí Ollscoil Mhá Nuad rangaithe 2ú in Éirinn agus 34ú ar domhan don Chomhionannas Inscne i Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.

LGBTQIA+

## 50 SEOMRA FOLCTHA ILINSCNE

Tá an chuma ar an scéal go mbainfidh Má Nuad a sprioc de 50 seomra folctha ilinscne amach faoi dheireadh na bliana 2020.

Oideachas Ardchaighdeáin

## 1Ú IN ÉIRINN

Bhí Ollscoil Mhá Nuad rangaithe 1ú in Éirinn agus 49ú ar domhan don Oideachas Ardchaighdeáin i Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe.



Creat Toilithe

## €14,000

bronnta ar Ollscoil Mhá Nuad chun Grúpa Oibre um Fheidhmiú an Chreata Toilithe a chur i bhfeidhm.

Comhionannas Inscne

## 6 FOSTAITHE BAINEANNA URRAITHE

Thug Má Nuad urraíocht do sheisear fostaithe baineanna don chlár forbartha ceannaireachta Aurora 2019/20.

Éagsúlacht Chultúrtha

## OLLSCOIL TEARMANN

Mar aitheantas ar ár gcuid oibre chun cultúr a chur chun cinn ina gcuirtear fáilte roimh theifigh, iarrthóirí tearmainn agus imircigh eile isteach sa phobal, tá Ollscoil Mhá Nuad tar éis bheith ainmnithe go hoifigiúil mar Ollscoil Tearmainn.







# Réamhrá

## Geallann Ollscoil Mhá Nuad don fhoireann agus do mhic léinn timpeallacht eagrúcháin agus chultúrtha trína gcruthófar ollscoil atá ionchuimsitheach tríd is tríd ina saibhríonn éagsúlacht an phobail champais an scoláireacht agus an fhoghlaim.

Tuigimid go bhfuil píosa maith le dul fós chun é sin a bhaint amach go hiomlán, ach creidimid go mbainfidh gach duine tairbhe as infheistíocht inár ndaoine, inár gcultúr agus inár bpobal.

Príomhchomhartha de ghealltanas na hOllscoile agus den tábhacht a shamhlaítear leis an sprioc sin a bhaint amach is ea bunú na hoifige um Chomhionannas, Éagsúlacht, Cuimsiú agus Idirchultúrachas (EDI). Trí oifig thiomnaithe a bhunú bhíomar in ann cur chuige ar fud na hinstitiúide a ghlacadh chun a chinntiú go ndéantar prionsabail EDI a leabú i ngach gné de straitéis, beartas, próisis, córais agus feidhmeanna na hOllscoile.


Ar an 11 Márta 2020 dhearbhaigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte an ráig den choróinvíreas (COVID-19) ina phaindéim dhomhanda. Ó shin i leith, tá bearta gan fasach tugtha isteach ag rialtas na hÉireann d'fhonn cabhrú le scaipeadh an víris a mhoilliú. As sin tháinig slí mhaireachtála nua agus neamhghnách do shaoránaigh na hÉireann, lena n-áirítear scaradh sóisialta, féin-aonrú, coraintín, obair ón mbaile, scolaíocht baile do pháistí, cailleadh post agus, i gcás roinnt daoine, cailleadh baill teaghlaigh agus cairde. Is léir go bhfuil tionchar chun donais ag an ráig COVID-19 ar an saol sóisialta, eacnamaíoch agus síceolaíoch, agus cheana féin tá na chéad chomharthaí ann go bhfuil éifeachtaí inscneacha aige.

Tá an phaindéim tar éis solas a lonrú ar thionchar na bochtaineachta ar mhic léinn agus ar mhic léinn ionchasacha agus ar an tslí a bhfuil sé de chumas ag an ngéarchéim seo tionchar diúltach a imirt ar na daoine is mó atá faoi mhíbhuntáiste agus ar imeall na sochaí thar aon ghrúpa eile. Tá fíor-riosca ann go gcealófar sna míonna agus sna blianta amach romhainn go leor de na gnóthachain a baineadh amach le 20 bliain anuas ó thaobh rochtain ar ardoideachas a leathnú. D'fhonn an tionchar seo a mhaolú, ní mór díriú ar riachtanais na ndaoine is imeallaithe, agus caithfidh ár bhfócas agus ár ngealltanas maidir le EDI a bheith láidir i gcónaí.

I measc na bpríomhimeachtaí a tharla le linn thréimhse na tuarascála seo tá an ghluaiseacht Black Lives Matter agus an fócas láidir ar a chinntiú go bhfuil cultúr institiúideach an champais sábháilte, measúil agus tacúil. Tá cur chuige iomlánaíoch glactha againn i leith an dá rud seo, ní amháin chun a chinntiú go mbíonn próiseas tuairiscithe soiléir agus tacaíochtaí inaitheanta ann i gcás eachtraí mí-iompraíochta ciníche/gnéasaí; ach freisin chun oibriú lenár gcuid mac léinn agus foirne chun oideachas a chur orainn féin faoin gciníochas/gnéasachas struchtúrtha; feasacht a mhéadú faoi idirghabháil ó dhuine atá ag dul thar bráid; agus chun gach duine a chumhachtú chun an comhionannas agus an ionchuimsitheacht a leabú i ngach gné dár scoláireacht agus dár dteagasc. Tá cúram ar an uile dhuine as EDI, agus tá ról le comhlíonadh ag gach duine dínn.

Tugann an tuarascáil seo léargas ar an sár-obair a bhí ar siúl san Ollscoil ag ár bhfoireann agus ár mic léinn maidir le EDI i rith na bliana 2019 agus sa chéad leath de 2020 (rud a chuirfidh ár dtuairisciú i gcomhréir leis an mbliain acadúil). Tá sé deacair gach a bhfuil ar siúl a ghabháil i dtuarascáil amháin, mar sin cuirfear nuashonruithe rialta ar fáil i bhfoirm nuachtlitreach ó Oifig EDI in éineacht leis an tuarascáil bhliantúil.

Tá an-áthas orainn an obair seo a thaispeáint agus táimid ag tnúth le dul chun cinn a dhéanamh san obair seo sna blianta amach romhainn.





**An tOllamh Philip Nolan**
**Uachtarán**

**An Dr Gemma Irvine**
**Leas-Uachtarán um Chomhionannas agus Éagsúlacht**





# Achoimre Feidhmiúcháin



## Tarraingítear aird ar chomhionannas, éagsúlacht, cuimsiú, agus idirchultúrachas (EDI) mar phríomhsprioc straitéiseach i bPlean Straitéiseach Ollscoil Mhá Nuad 2018–2022.

### Deirtear sa phlean:

*"Tá sé mar sprioc againn tógáil ar a bhfuil bainte amach go dtí seo againn agus bheith mar ollscoil eiseamláireach maidir le comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus idirchultúrachas, agus go mbeadh ceartas sóisialta, aghaidh a thabhairt ar an neamhionannas agus daoine a chumasú ag croílár ár misin."*

### Tá sé mar aidhm ag tuarascáil bhliantúil EDI 2019/20 an obair atá ar siúl san Ollscoil chun é seo a bhaint amach a ghabháil agus is í seo tuarascáil Ollscoil Mhá Nuad ar éachtaí faoi dhualgas na hearnála poiblí don bhliain 2019/20.

Clúdaíonn an tréimhse tuairiscithe an bhliain 2019 agus an chéad leath de 2020, chun ár dtuairisciú a chur i gcomhréir leis an mbliain acadúil. Le linn na tréimhse seo d'athraigh an fhoireann EDI minic go leor agus chiallaigh COVID-19 freisin gurbh éigean beagnach gach tionscnamh a bhí beartaithe do 2019/20 a bhogadh ar líne nó a chur ar fionraí. Mar sin féin, cé go bhfuil stad nach mór curtha le gníomhaíochtaí duine le duine, chiallaigh an glacadh tapa le hobair ar líne gur cuireadh deiseanna ar fáil chun ár slite oibre a athshamhlú, agus chun féachaint ar a éifeachtaí agus a inrochtana a bheadh siad sa todhchaí.

*Struchtúir & Líonraí EDI:* Is comhchoiste buan den Údarás Rialaithe agus den Chomhairle Acadúil é an Coiste EDI. Coinneoidh an Coiste EDI faoi athbhreithniú an creat beartais ina gcomhlíonann an Ollscoil a cuid freagrachtaí comhionannais mar atá leagtha amach sa reachtaíocht agus i ndoiciméad Bheartas Comhionannais na hOllscoile féin. Bunaíodh Oifig an Leas-Uachtaráin um Chomhionannas agus Éagsúlacht i mí Iúil 2019 agus d'oibrigh sí go dlúth le hAontas Mac Léinn Mhá Nuad agus le comhghleacaithe ar fud na hOllscoile, le cinntiú go bhfuil prionsabail EDI leabaithe i ngach gné de straitéis, beartas, próisis, córais agus feidhmeanna na hOllscoile. Áirítear leis seo oiliúint ar EDI a sholáthar agus roinnt líonraí, fóram, grúpaí oibre agus grúpaí stiúrtha a chomhordú chun tionscnaimh EDI a chur chun cinn. Tá siad seo á gcomhordú ag an Oifigeach Comhionannais, an Oifigeach Tionscadal Comhionannais agus an Stiúrthóir Rochtana.

### Príomhphointí

**Gníomhaíochtaí, imeachtaí, agus éachtaí sa tréimhse 2019/20 tá breac-chuntas tugtha orthu seo thíos faoi cheannteidil na tuarascála:**

> **Comhionannas Inscne:**
D'éirigh le hiarratais ó thrí cinn de Ranna Ollscoil Mhá Nuad gradam Cré-umha Athena SWAN a ghnóthú le linn 2019/20 lena n-áirítear an Roinn Bitheolaíochta, an Roinn Tíreolaíochta, agus an Roinn Dlí. In 2019 ghlac MU páirt sa scéim Scoláireachta um Oideachas Feidhmiúcháin Scoláireachta Club 30%, ag soláthar scoláireachta amháin ar chlár Máistreachta páirtaimseartha, an MU MSc sa Straitéis agus sa Nuálaíocht. Bronnadh dhá phost Ollamh nua agus breise ar Ollscoil Mhá Nuad faoi *Thionscnamh Ardcheannaireachta Acadúil* an Údaráis um Ardoideachas 2019. Ollamh sa Tíreolaíocht Fhisiciúil i réimse na hEolaíochta Aeráide (Oiriúnú agus/nó Maolú) agus Ollamh san Eolaíocht Ríomhaireachta i réimse Ailtireacht an Ardáin Bhogearraí agus na Sochaí. Rinne Maynooth urraíocht ar rannpháirtíocht seisear fostaí ban do chlár forbartha ceannaireachta Aurora 2019/20.

> **Ollscoil a thacaíonn le teaghlaigh:**
Cuireadh tréimhse *Taighde 'Saor ó Theagasc nó Aistriú Sínte Athena SWAN'* i bhfeidhm in 2019 mar aitheantas ar na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith le sárú ag fostaithe agus iad ag filleadh ar an obair ó shaoire mháithreachais nó uchtála.

> **LGBTQIA +**
Seoladh *Polasaí maidir le Féiniúlacht agus Léiriú Inscne* agus treoirlínte gaolmhara i Samhradh 2019. Tairgeadh oiliúint Feasachta ar Fhéiniúlacht Inscne don fhoireann le linn 2019/20. Fuair Ollscoil Mhá Nuad '*Gradam EDI Chumann Gnó Chill Dara, 2019'* - as obair MU ar ár mbeartas um Fhéiniúlacht agus Léiriú Inscne in 2019. Ainmníodh seomraí folctha ilinscne ar fud an champais agus áis chaighdeánach a bheidh iontu i ngach foirgneamh nua – tá Má Nuad ar an mbealach chun a sprioc de 50 seomra folctha ilinscne a shroicheadh faoi dheireadh 2020.

> **Éagsúlacht Chultúrtha – Cine & Eitneachas (Taistealaithe san áireamh)**
Tacaíonn Ollscoil Mhá Nuad go gníomhach le héagsúlacht chultúrtha trí roinnt tionscnamh spriocdhírithe lena n-áirítear InSPIREurope, Ollscoil Tearmainn, ceardlanna '*Timpeallachtaí foghlama idirchultúrtha a chruthú'* a reáchtáil agus seisiúin oscailte chomhphlé a thionól le mic léinn agus baill foirne (m.sh. Díospóireacht Phainéil ar Chothromas Cine le MSU) . Ainmníodh Ollscoil Mhá Nuad go hoifigiúil mar Ollscoil Tearmainn ar an 20 Feabhra 2020 mar aitheantas dá tionscnaimh chun fáilte a chur roimh dhídeanaithe, iarrthóirí tearmainn agus imircigh eile isteach sa phobal.

> **Míchumas**
Chuir Ollscoil Mhá Nuad Saoráid Inrochtana Áiteanna Athraithe ar fáil i Lóiste MAP. Clárófar an tsaoráid ar shuíomh Gréasáin Changing Places in 2020.

> **Creat Toilithe a Chur i bhFeidhm**
Bunaíodh Grúpa Oibre um Chur i bhFeidhm an Chreata Toilithe in 2019 agus bronnadh €14k ar MU faoi Ghlao Creata Toilithe 2019 na Roinne Oideachais agus Scileanna (DES) chun an Creat a chur i bhfeidhm. Áirítear leis seo an *Uirlis Tuairiscithe agus Tacaíochta* a bhunú agus a chur i

[1] www.maynoothuniversity.ie/edi/edi-policies/GIGEpolicy



bhfeidhm (uirlis tuairiscithe ar líne a trínar féidir eachtraí ciaptha ghnéasaigh, bulaíochta, ionsaithe agus foréigin a thuairisciú gan ainm). Bhronn Ollscoil Mhá Nuad Bonn an Uachtaráin ar Laura Madden ag ócáid speisialta ar an 5 Márta 2020.

> **Obair EDI le linn COVID-19 EDI**

Bhí baint ag Oifig an Leas-Uachtaráin um Chomhionannas agus Éagsúlacht le forbairt roinnt foilseachán a dhírigh ar éifeachtaí agus tionchar féideartha COVID-19 ar bhaill foirne agus mhic léinn institiúidí ardoideachais, le treoir agus moltaí, agus sheol sí *Ollscoil Mhá Nuad – Suirbhé Bíge ar Fhostaithe maidir le hObair Chianda le linn COVID-19* ar an 3 Iúil 2020.

> **Imeachtaí/Gníomhaíochtaí/Éachtaí Eile in 2019/20**

Tionóladh Seachtain um Cheartas Sóisialta Ollscoil Mhá Nuad ar 4-9 Márta 2019 agus 9-13 Márta 2020. Bhí Ollscoil Mhá Nuad san áireamh den chéad uair riamh i *Rangú Tionchair Ardoideachais an Times.* Déanann an rangú seo measúnú ar fheidhmíocht ollscoileanna i gcomparáid le Spriocanna na Náisiún Aontaithe maidir le Forbairt Inbhuanaithe. Bhain an Ollscoil áit amach sna 200 ollscoil is fearr ar domhan. Rangaíodh Má Nuad san 1ú háit in Éirinn agus sa 49ú háit ar domhan d'Oideachas Ardchaighdeáin (SDG4), agus sa 3% d'ollscoileanna is fearr ar domhan as a cuid taighde ar éagothroime sóisialta, beartais ar idirdhealú agus tiomantas d'fhoireann agus do mhic léinn a earcú ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht (SDG10). Bhain Ollscoil Mhá Nuad amach an 2ú háit in Éirinn agus an 34ú háit ar fud an domhain maidir le Comhionannas Inscne (SDG5).

> **Clár Rochtana Mhá Nuad (MAP)**

Aithnítear go forleathan go bhfuil Clár Rochtana Mhá Nuad (MAP) chun tosaigh ar fud na tíre i réimse an leathnaithe rannpháirtíochta. Oibríonn MAP i gcomhpháirtíocht ar fud na hOllscoile agus in éineacht le foghlaimeoirí, scoileanna agus pobail faoi ghannionadaíocht chun cothromas rochtana a mhéadú agus tacú le rath mac léinn. Sa bhliain acadúil 2019-20, aithníodh gur bhain 2,732 mac (beagnach 24% de líon na mac léinn) le grúpa faoi ghannionadaíocht. Déanann MAP raon leathan gníomhaíochtaí lena n-áirítear:

- Mic léinn a earcú ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht m.sh., Taistealaithe & Romaigh, dídeanaithe, daoine ó cheantair inar beag an líon a théann ar aghaidh chuig ardoideachas, daoine a bhfuil ciontuithe acu agus daoine faoi mhíchumas, trí raon scéimeanna/clár for-rochtana (m.sh., meantóireacht, laethanta scáthfhoghlama, ceardlanna faisnéise) agus Pathway (m.sh., DARE, HEAR, Bonnchúrsa chun Smaoineamh ar an Mhúinteoireacht, Clár um Fhilleadh ar an Fhoghlaim do Thaistealaithe);
- Tacú leis an 'bpointe aistrithe' criticiúil isteach san Ollscoil do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht (e.g. an Clár Launchpad);
- Airgeadas a sholáthar do mhic léinn a bhfuil baic airgeadais le sárú acu (e.g. Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn, scoláireachtaí, ríomhairí glúine);
- Tacaíochtaí a sholáthar do mhic léinn, lena n-áirítear comhairle duine le duine (Comhairleoirí Mac Léinn) agus tacaíochtaí teicneolaíochta agus acadúla (e.g. Clár Aistrithe Teicneolaíochta, socruithe réasúnta i scrúduithe, cúntóirí pearsanta, breacadóirí nótaí);
- Freagraí a cheapadh ar riachtanais nua, m.sh., meabhairshláinte mac léinn (Lár-Sheirbhís na Mac Léinn), éagsúlú an oideachais tosaigh múinteoirí (Tionscadal Fill ar an Múinteoireacht);

## Iniúchadh Bliantúil Comhionannais

**Tá Ollscoil Mhá Nuad tiomanta do chóras láidir a thógáil chun sonraí ar thaithí agus ar thorthaí ár bpobal éagsúil foirne agus mac léinn a rianú agus a thagarmharcáil. Rinneamar iniúchadh bonnlíne ar 2019/20 a thugann léargas ar líon na foirne agus na mac léinn de réir míchumais, inscne, aoise, cine/eitneachais, agus tionscnaimh náisiúnta.**

Ceanglaíonn an tAcht um Míchumas 2005 ar chomhlachtaí poiblí fostaíocht daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú leo agus sprioc de 3% d'fhoireann faoi mhíchumas a bhaint amach. Thuairiscigh MU don Údarás um Ardoideachas maidir le 2019 gur nocht 4.9% den fhoireann míchumais.

Go sonrach, maidir le feidhmíocht Ollscoil Mhá Nuad ar chomhionannas inscne, tá ár gcohórt foirne iomlán cothromaithe ó thaobh inscne (40% ar a laghad de mhná nó d'fhir) le 56% d'fhoireann ban (F) agus 44% d'fhoireann fear (M). Tá ár nÚdarás Rialaithe cothromaithe ó thaobh inscne (48% F, 52% M), mar atá ár gComhairle Acadúil (40% F, 60% M), ach ní hionann i gcás na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin (31% F, 69% M). Tá cohóirt foirne acadúla cothromaithe ó thaobh inscne againn i nDámh na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh, agus na Fealsúnachta [FACSP] (49% F, 51% M) agus i nDámh na nEolaíochtaí Sóisialta [FSS] (47% F, 53% M), ach níl inár nDámh Eolaíochta agus Innealtóireachta [FSE] (30% F, 70% M). Mná den chuid is mó is ea an fhoireann Riaracháin, Teicniúil agus Gairmiúil (ATP) i ngach Dámh (FACSP: 91%F, 9%M; FSS: 93%F, 7%M; FSE: 62%F, 38%M). Amhail Nollaig 2019, ní raibh ach 29% dár bpoist Ollamh A i seilbh mná agus bhí 71% ag fir, ach mná ab ea 49% dár Léachtóirí agus fir ab ea 51% díobh. Bhí ár gcohóirt foirne ATP ag an dá ghrád pá is airde cothromaithe ó thaobh inscne de, agus mná is mó atá sna cohóirt foirne ATP ag na gráid pá is ísle.

Níl sonraí na gcatagóirí eile EDI chomh cuimsitheach le míchumas nó comhionannas inscne, rud a léiríonn go dtéann na riachtanais tuairiscithe náisiúnta dóibh seo níos faide siar ná catagóirí eile. De réir mar a mhéadóimid ár dtuairisciú ar staitisticí EDI, forbrófar bonn fianaise níos leithne ar fhorais eile an idirdhealaithe.

Príomhghné atá le tabhairt faoi deara ná an drogall a bhíonn ar iarratasóirí sonraí EDI a chomhlánú agus iad ag cur isteach ar róil mar aon le hábhair imní a luann an fhoireann atá ann cheana maidir le sonraí pearsanta a nochtadh ar réimsí EDI. Tá gá le feachtas tiomnaithe feasachta maidir le luach agus tábhacht na faisnéise seo don Ollscoil chun iarratasóirí agus baill foirne a spreagadh chun páirt iomlán a ghlacadh, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar bhearnaí tuairiscithe agus ionas go mbeidh pictiúr cruinn againn de phobal na hollscoile agus dár mbeartas EDI agus ionas go mbeidh an cleachtas bunaithe ar fhianaise.

Geallann Ollscoil Mhá Nuad dul chun cinn a dhéanamh i dtreo athrú eagraíochtúil agus cultúrtha don fhoireann agus do na mic léinn chun Ollscoil atá fíorchuimsitheach a chruthú inar saibhriú ar an scoláireacht agus ar an fhoghlaim é an éagsúlacht i bpobal ár gcampais. Tuigimid go bhfuil bealach fada le dul againn fós chun é seo a bhaint amach go hiomlán, ach creidimid go fírinneach go bhfeicfear tairbhí do chách ar infheistíocht inár ndaoine, inár gcultúr agus inár bpobal.



# Réamhrá

## Geallann Ollscoil Mhá Nuad a bheith ina pobal Ollscoile ina gcuirtear an comhionannas chun cinn, ina léirítear meas agus luach ar éagsúlacht, agus ina gcuirtear timpeallacht choláisteach chomhionann bairr feabhais ar fáil, ina dtugtar aitheantas agus ina léirítear meas ar fhreagrachtaí agus ar éagsúlacht na mac léinn agus na foirne uile.

Is mór ag an Ollscoil an saibhriú a thagann ó phobal éagsúil mac léinn agus foirne agus féachann sí le comhionannas a chur chun cinn agus idirdhealú a chosc i rochtain, eispéireas, dul chun cinn agus gnóthachtáil na mac léinn agus na foirne go léir trí bheartais, próisis agus cleachtais shoiléire a chur i dtoll a chéile agus i bhfeidhm trína dtugtar tacaíocht éifeacht ar mhaith le comhionannas a bhaint amach in eispéireas na mac léinn agus san fhostaíocht.

Tarraingítear aird ar chomhionannas, éagsúlacht, cuimsiú, agus idirchultúrachas (EDI) mar phríomhsprioc straitéiseach i bPlean Straitéiseach Ollscoil Mhá Nuad 2018–2022. Deirtear sa phlean: *"Is é ár gcuspóir tógáil ar ár n-éachtaí go dtí seo agus a bheith mar ollscoil eiseamláireach don chomhionannas, éagsúlacht, cuimsiú agus idirchultúrachas, áit ar gnéithe lárnacha* dár misin iad ceartas sóisialta, díriú ar an neamhionannas agus daoine a chumhachtú".

Clúdaíonn an tréimhse tuairiscithe an bhliain 2019 agus an chéad leath de 2020, chun ár dtuairisciú a chur i gcomhréir leis an mbliain acadúil. Le linn na tréimhse seo d'athraigh ár bhfoireann EDI go suntasach lena n-áirítear imeacht Sarah Hawes (an tOifigeach Comhionannais AD), agus Claire McGing (Oifigeach Tionscadail Athena SWAN), agus earcú an Dr Gemma Irvine (sí/í - Leas) -Uachtarán um Chomhionannas agus Éagsúlacht), agus Sam Blanckensee (Siad/Iad nó Sé/É - Oifigeach Comhionannais).

Chiallaigh COVID-19 freisin gurbh éigean beagnach gach tionscnamh a bhí beartaithe do 2019/20 a bhogadh ar líne nó a chur ar fionraí. Mar sin féin, cé go bhfuil deireadh curtha le gníomhaíochtaí duine le duine, chiallaigh an tslí ar glacadh go tapa le hoibriú ar líne go bhfuil deiseanna ann chun athsmaoineamh a dhéanamh ar an tslí a n-oibrímid, agus féachaint cé chomh éifeachtach agus insroichte is féidir leis a bheith amach anseo.

**Tugann an tuarascáil bhliantúil seo breac-chuntas ar an gCreat Reachtach (lena n-áirítear Dualgas na hEarnála Poiblí), agus ansin déantar cur síos ann ar struchtúir agus líonraí EDI in MU, tugtar forbhreathnú ansin ar ghníomhaíocht agus ar éachtaí faoi na ceannteidil:**

- Comhionannas Inscne
- Ollscoil a thacaíonn le teaghlaigh
- LGBTQIA+
- Éagsúlacht Chultúrtha – Cine & Eitneachas (Taistealaithe san áireamh)
- Míchumas
- Cur i bhFeidhm an Chreata Toilithe
- Obair EDI le linn COVID-19
- Imeachtaí/Gníomhaíochtaí/Éachtaí Eile in 2019/20
- Clár Rochtana Mhá Nuad

Cuirtear sonraí a bhailítear mar chuid den Iniúchadh Sonraí Comhionannais san áireamh sna haguisíní: Próifíl Foirne, Próifíl Mac Léinn, Earcaíocht agus Ardú Céime Foirne, agus Sonraí Comhionannais Inscne.

# Creat Reachtach



**Geallann Ollscoil Mhá Nuad an comhionannas, an éagsúlacht, an cuimsiú agus an t-idirchultúrachas a chur chun cinn. In Éirinn, tá roinnt dlíthe ann a labhraíonn leis na prionsabail seo lena n-áirítear: na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998–2018; na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000–2018; an tAcht um Míchumas 2005; agus an tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 (lenar tugadh isteach Dualgas na hEarnála Poiblí).**

Tá sé mar aidhm ag na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2018 a chinntiú go mbíonn comhdheiseanna ag daoine maidir le scileanna, oiliúint, poist agus ardú céime. Áirítear leis seo oibrithe lánaimseartha, páirtaimseartha agus sealadacha, chomh maith le comhlachtaí gairmiúla agus trádála. Toirmisceann na hAchtanna idirdhealú díreach agus indíreach, ciapadh gnéasach agus eile, agus íospairt. Ceanglaíonn siad go ndéanfaí socruithe do dhaoine faoi mhíchumas agus ceadaíonn siad gníomh dearfach nó deimhniúil.

De bharr na nAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2018 tá sé neamhdhleathach do bhunaíochtaí oideachais idirdhealú a dhéanamh maidir le hiontrálacha ar aon cheann de na naoi bhforas, rochtain ar chúrsaí, áiseanna nó tairbhí, aon téarma & coinníoll eile, nó maidir le mac léinn a dhíbirt no aon smachtbhanna eile.

Tá cásanna áirithe ann inar féidir leis an Ollscoil bearta dearfacha a dhéanamh chun tacú le grúpaí mionlaigh nó chun creideamh reiligiúnach a chur san áireamh, mar shampla: cóireáil dhifreálach do mhic léinn lánfhásta chun tacú lena bhfreastal, oiliúint reiligiúnach do mhinistirí a bheith teoranta do reiligiúin agus d'inscní áirithe, an cumas caitheamh go difriúil le mic léinn idirnáisiúnta ó lasmuigh den AE agus an gá atá le socruithe réasúnta a sholáthar do mhic léinn faoi mhíchumas.

Leagtar amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD) cearta daoine faoi mhíchumas agus an próiseas monatóireachta nach mór do stáit a dhaingnigh an coinbhinsiún a chomhlíonadh. In Éirinn, is é Coimisiún na hÉireann ar Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) an comhlacht a dhéanann monatóireacht ar chur i bhfeidhm UNCRPD, agus tá coiste air atá comhdhéanta de dhaoine faoi mhíchumas a dhéanann maoirseacht ar an monatóireacht seo. Treisíonn UNCRPD freisin go gcaithfidh Éire rochtain ar oideachas agus seirbhísí riachtanacha eile a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas, agus go gcaithfidh fostóirí socruithe réasúnta a sholáthar, agus gan idirdhealú a dhéanamh laistigh den phróiseas earcaíochta.

## Dualgas na Hearnála Poiblí

Is oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí é Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine ('an Dualgas') in Alt 42 d'Acht um Choimisiún um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014. Ceanglaítear le halt 42(1) ar chomhlachtaí poiblí, i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna, aird a thabhairt ar an ngá atá le deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn agus cearta daonna na foirne agus na ndaoine a bhaineann leas as a gcuid seirbhísí a chosaint. Ceanglaítear le halt 42(2) ar chomhlachtaí poiblí díriú ar dhul chun cinn maidir le comhionannas agus cearta an duine ina bplean straitéiseach agus ina dtuarascálacha bliantúla agus é a mheasúnú agus a thuairisciú iontu ar bhealach atá insroichte don phobal.

Chun an fhreagracht seo a chomhlíonadh, rinne an Ollscoil Polasaí Comhionannais agus Éagsúlachta MU ('an Beartas') a athfhorbairt. Tá an Beartas institiúideach seo, arna fhormheas ag an Údarás Rialaithe, mar bhonn agus taca le gach feidhm de chuid na hOllscoile, agus féachann sé le cultúr barr feabhais a chur chun cinn trí phrionsabail an chomhionannais agus na héagsúlachta a phríomhshruthú i ngníomhaíochtaí, beartais agus pleanáil uile na hOllscoile.

Tarraingítear aird ar chomhionannas, éagsúlacht, cuimsiú, agus idirchultúrachas (EDI) mar phríomhsprioc straitéiseach i bPlean Straitéiseach Ollscoil Mhá Nuad 2018 - -2022. Tugann an plean breac-chuntas ar thiomantas sainráite do chearta an duine, ceartas sóisialta agus comhionannas.

Is éard atá sa Tuarascáil Bhliantúil EDI seo tuarascáil Ollscoil Mhá Nuad ar éachtaí faoi dhualgas na hearnála poiblí don bhliain 2019/20.

[2]www.ihrec.ie/your-rights/i-have-an-issue-with-a-service/i-have-an-issue-about-education/



# Struchtúir & Líonraí EDI MU

## Coiste EDI

**Is comhchoiste buan den Údarás Rialaithe agus den Chomhairle Acadúil é an Coiste Comhionannais, Éagsúlachta, Cuimsitheachta agus Idirchultúrachais (EDI). Coinneoidh an Coiste EDI faoi athbhreithniú an creat beartais trína gcomhlíonann an Ollscoil a cuid freagrachtaí comhionannais mar atá leagtha amach sa reachtaíocht agus i ndoiciméad Bheartas Comhionannais na hOllscoile féin.**

In 2019/20 bhí an Dr Seamus Taylor ina chathaoirleach air mar ainmní an Uachtaráin. Bhí ceithre chruinniú ag an gcoiste in 2019/20.

**Ba é a bhallraíocht in 2019/20:**

- An Dr Seamus Taylor, Ainmní an Uachtaráin – (Cathaoirleach, agus Ball den Údarás Rialaithe)
- Sheila Nunan Uasal, Ball Seachtrach den Údarás Rialaithe
- An tOllamh Mary Corcoran, Ball den Údarás Rialaithe
- An tOllamh Andrew Coogan, Ball den Chomhairle Acadúil – Dámh na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta
- An Dr Kylie Jarrett, ball den Chomhairle Acadúil – Dámh na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na Fealsúnachta
- An tOllamh Michael Doherty, ball den Chomhairle Acadúil – Dámh na nEolaíochtaí Sóisialta
- Ann Donoghue Uasal, Ball den Fho-choiste Comhpháirtíochta
- Kim Lockyer Uasal, Leas-Uachtarán um Leas agus Comhionannas MSU
- Kilian Woods Uasal, Ionadaí Iarchéime MSU
- Laurie Doré Uasal, MSU, Oifigeach na Gaeilge agus Gnóthaí Cultúrtha
- Katie Deegan Uasal, Uachtarán MSU (Ó Mheán Fómhair 2019)
- Ciarán Watts Uasal, Leas-Uachtaráin um Leas agus Comhionannas MSU
- Rebecca Kavanagh Uasal, Ionadaí MSU PG (Ó Mheán Fómhair 2019)
- Rosaleen McCarthy Uasal, Stiúrthóir Acmhainní Daonna
- An Dr Gemma Irvine, Leas-Uachtarán um Chomhionannas agus Éagsúlacht (ó Iúil 2019)
- Eliz Dunne Uasal, Leas-Uachtarán um Eastáit & Caipiteal (Comhthofa)
- An Dr Rose Ryan, Stiúrthóir Rochtana (Comhthofa)

Feidhmíonn an tOifigeach Comhionannais mar Rúnaíocht don Choiste. Gheofar Téarmaí Tagartha an Choiste ag **www.maynoothuniversity.ie/edi/edi-committee**

## Tá sainordú ag an gCoiste chun:

**Prionsabal na gcomhdheiseanna** a chur chun cinn d'fhostaithe agus do mhic léinn uile na hOllscoile

**Tacú le prionsabail agus luachanna na hOllscoile** i dtaca le comhionannas, ionchuimsitheacht, ceartas sóisialta, meas, dínit agus cúram don duine aonair

**Tacú le baint amach sprioc straitéiseach na hOllscoile** *'Tógáil ar ár n-éachtaí go dtí seo agus a bheith mar ollscoil eiseamláireach don chomhionannas, éagsúlacht, cuimsiú agus idirchultúrachas, áit ar gnéithe lárnach dár misin iad ceartas sóisialta, díriú ar an neamhionannas agus daoine a chumhachtú'*

**Treoir agus treoir a sholáthar maidir** le Beartas Comhionannais agus Plean Gníomhaíochta a chur i dtoll a chéile trína ndíreofar ar réimsí comhionannais ar leith ar fud na hOllscoile

**Athbhreithniú a dhéanamh** ar an dul chun cinn ó thaobh cuspóirí comhionannais, éagsúlachta agus idirchultúrachais na hOllscoile a chur i bhfeidhm




## Oifig an Leas-Uachtaráin um Chomhionannas agus Éagsúlacht

**I mí Iúil 2019, ceapadh an Dr Gemma Irvine mar Leas-Uachtarán nua um Chomhionannas agus Éagsúlacht (VPED) agus tá sí ina ball iomlán d'Fheidhmeannas na hOllscoile in Ollscoil Mhá Nuad. Bhunaigh sí Oifig an Leas-Uachtaráin um Chomhionannas agus Éagsúlacht.**

Cuimsíonn an Oifig seo Oifigeach Comhionannais (a ainmníodh roimhe seo mar Oifigeach Comhionannais AD) agus Oifigeach Tionscadail Comhionannais (ar a dtugtaí Oifigeach Tionscadail Athena SWAN roimhe seo). Tuairiscíonn an Stiúrthóir Rochtana freisin don VPED agus tuairiscíonn siad beirt don Oifig Rochtana, agus clúdaíonn an Oifig Comhionannais agus Éagsúlachta EDI do mhic léinn agus don fhoireann faoi seach.

Tá baint ag Oifig an Leas-Uachtaráin um Chomhionannas agus Éagsúlacht le hobair ar fud naoi bhforas an idirdhealaithe: Inscne, Stádas Sibhialta, Stádas Teaghlaigh, Claonadh Gnéasach, Reiligiún, Aois, Míchumas, Cine, Ballraíocht i bPobal an Luchta Siúil. Oibríonn an Oifig freisin i dtaca le héagsúlacht, cuimsiú agus idirchultúrachas ar bhonn níos leithne chun a chinntiú gur áit í Ollscoil Mhá Nuad ina ndéantar ceiliúradh ar dhifríocht, agus go bhfuil mothú muintearais ag gach ball dá pobal.

Chun Ollscoil atá fíorchuimsitheach a chruthú inar saibhriú ar an scoláireacht, an fhoghlaim, an taighde agus an nuálaíocht é an éagsúlacht i bpobal ár gcampais, oibríonn Oifig an VPED go dlúth le hAontas Mac Léinn Mhá Nuad (MSU) agus lena comhghleacaithe ar fud na hOllscoile, lena chinntiú go bhfuil prionsabail EDI leabaithe i ngach gné de straitéis, beartas, próisis, córais agus feidhmeanna na hOllscoile.

Déanann an tOifigeach Comhionannais, an tOifigeach Tionscadail Comhionannais, agus an Stiúrthóir Rochtana líon áirithe líonraí, fóram, grúpaí oibre agus grúpaí stiúrtha a chomhordú. Tugann siad seo príomhpháirtithe leasmhara le chéile chun díriú ar réimse sonrach de chur i bhfeidhm EDI (m.sh., an Grúpa Oibre um Chreat Toilithe agus an Grúpa Stiúrtha Comhionannais Inscne), nó chun bonn struchtúrtha a sholáthar do rannpháirtíocht mac léinn ar fud na hOllscoile (m.sh., Comhairleoirí Acadúla agus Ambasadóirí MAP), nó chun a chur ar chumas daoine a bhfuil taithí mhaireachtála nó leas i bpáirt acu teacht le chéile mar ghrúpa (m.sh. Líonra Tuismitheoirí, Cúramóirí & Foirne, LGBTQIA+).

**Le linn na tréimhse tuairiscithe seo, chuir Oifig an Leas-Uachtaráin um Chomhionannas agus Éagsúlacht seisiúin oiliúna ar fáil ar na hábhair seo a leanas:**

> Treoshuíomh foirne/seisiúin ionduchtaithe ar EDI
> Seisiún treoshuímh do mhic léinn ar EDI
> Oiliúint don phainéal earcaíochta
> Oiliúint ar chlaonadh neamh-chomhfhiosach
> Seisiúin faisnéise EDI d'Fhóram Riarthóirí na Roinne agus don Leabharlann
> Oiliúint ionduchtaithe do Cheannairí nua Roinne agus do bhainisteoirí nua ar shaincheisteanna EDI.
> Forbraíodh oiliúint LEAD ar líne (MU i gceannas ar mhodúl cuimsitheach teagaisc agus foghlama)

## Iniúchadh Bliantúil ar Chomhionannas

**Tá Ollscoil Mhá Nuad tiomanta do chóras láidir a thógáil chun sonraí ar thaithí agus ar thorthaí ár bpobal éagsúil foirne agus mac léinn a rianú agus a thagarmharcáil. Tá toradh ár n-iniúchta bunlíne a rinneadh in 2019/20 san áireamh sna haguisíní chun léargas a thabhairt ar líon na foirne agus na mac léinn de réir inscne, aoise, cine/eitneachais agus tionscnaimh náisiúnta agus míchumais.**

Tagann ár gcuid sonraí ó go leor foinsí éagsúla ar fud na hinstitiúide lena n-áirítear, an Suirbhé ar Chomhionannas Rochtana (EAS), an uirlis éagsúlachta earcaíochta, córas sonraí CORE, córas taifead na mac léinn, suirbhéanna EDI foirne agus sonraí a bhailíonn Clár Rochtana Mhá Nuad (MAP). I gcás roinnt réimsí EDI tá sonraí láidre ar fáil, ach i gcás réimsí eile nílimid ach ag cur tús le sonraí a bhailiú go córasach, mar shampla ní bhailímid sonraí faoi láthair faoi líon na mac léinn agus na foirne LADT, ná faoi eitneachas na foirne.

Sna blianta amach romhainn beimid ag úsáid modhanna nua chun sonraí EDI a bhailiú agus a scaipeadh laistigh den Ollscoil, mar shampla táimid ag obair leis an Réadlann Taighde Uile-Oileáin (AIRO) chun Painéal Sonraí EDI a fhorbairt chun ár gcuid sonraí EDI a shamhlú ar shlí níos fearr agus iad a lárú in aon áit amháin.



# Gníomhaíochtaí agus Éachtaí

## Comhionannas Inscne


**Tá MU ag cur an chomhionannais inscne chun cinn trí roinnt tionscnamh illeibhéil. Tá sonraí ábhartha foirne agus mac léinn á mbailiú agus á n-anailísiú, agus monatóireacht á déanamh orthu ag MU le haghaidh le próisis monatóireachta inmheánacha, iarratais Athena SWAN agus tagarmharcáil náisiúnta tríd an Údarás um Ardoideachas. Díríonn MU freisin ar neamhionannas inscne i struchtúir eagraíochtúla, i mbeartas, i bpróisis agus inár gcultúr agus inár bpobal.**

Mar thoradh ar dheimhniú Dámhachtain Chré-umha Athena SWAN do MU, cuireadh *Plean Gníomhaíochta Comhionannais Inscne MU 2018-2021* i dtoll a chéile agus tá sé á chur i bhfeidhm go leanúnach.

Tá rannpháirtíocht MU i dtionscnaimh spriocdhírithe mar an *Tionscnamh Ceannaireachta Acadúil Sinsearach* (SALI) agus in Aurora (forbairt ceannaireachta do mhná) mar chuid de chur chuige na hOllscoile chun dul i ngleic le príomhcheisteanna píblíne gairme do phobal an MU.

Tá stádas reatha phíblíne Acadúil MU i gcomparáid leis an bpíblíne náisiúnta leagtha amach i bhFíor 2 thíos, agus leagtar amach i bhFíor 3 píblíne foirne Riaracháin, Teicniúil agus Gairmiúil MU i gcomparáid leis an bpíblíne náisiúnta.


**Figiúr 1: Próifíl d'Fhoireann Acadúil/de Mhic Léinn MU de réir inscne i gcomparáid le próifíl náisiúnta sonraí ollscoile 2019**




Foinse. hea.ie/assets/uploads/2019/07/Higher-Education-Institutional-Staff-Profiles-by-Gender-2020.pdf

Tagraíonn an figiúr seo don fhoireann de réir coibhéis lánaimseartha, ní de réir líon foirne.

**Figiúr 2: Próifíl d'fhoireann Riaracháin, Theicniúil agus Ghairmiúil MU de réir inscne i gcomparáid le sonraí phróifíl náisiúnta na n-ollscoileanna 2019**




Foinse. hea.ie/assets/uploads/2019/07/Higher-Education-Institutional-Staff-Profiles-by-Gender-2020.pdf

Tagraíonn an figiúr seo don fhoireann de réir coibhéis lánaimseartha, ní de réir líon foirne. Baineann na figiúirí eile ar fad sa tuarascáil seo le comháireamh cloiginn.





Pictiúr de bhall foirne Searmanas Bronnta Athena SWAN, 2019

## Athena SWAN

Ghnóthaigh Ollscoil Mhá Nuad Gradam Institiúideach Cré-umha Athena SWAN in 2018. Ba í Má Nuad an chéad institiúid Éireannach a ghnóthaigh Gradam Cré-umha faoin gCairt Athena SWAN 'leathnaithe'. Ó fuair sí an Gradam, tá an *Plean Gníomhaíochta Comhionannais Inscne 2018-2021* a ghabhann leis á chur i bhfeidhm ag an Ollscoil. Is doiciméad beo é an Plean Gníomhaíochta seo a ndéantar athbhreithniú agus nuashonrú air le linn a shaoil chun go bhfreagróidh sé do thaithí reatha phobal MU.

## Príomhghníomhaíocht 2019/2020

- Tháinig Grúpa Stiúrtha Comhionannais Inscne MU faoi cheannas an Ollaimh Linda Connolly le chéile 3 huaire le linn na bliana acadúla 2019-2020.
- Tháinig Líonra Chathaoirligh MU ar Athena SWAN le chéile ag pointí éagsúla i rith na bliana chun dul chun cinn a phlé agus eolas a roinnt.
- Le linn na tréimhse seo, bhí sé roinn ag obair ar iarratais Athena SWAN a ullmhú lena n-áirítear: An Roinn Bitheolaíochta, An Roinn Tíreolaíochta, An Scoil Gnó, an Roinn Dlí, an Roinn Síceolaíochta, agus an Roinn Ceimice. Aithnítear go bhfuil An Roinn Fisice Turgnamhaí ag tacú le Cód Cleachtais Juno Institiúid na Fisice ó 2018. Tá an Roinn ag obair faoi láthair i dtreo stádas Cleachtóra Juno a bhaint amach.
- D'éirigh le trí iarratas ó Ranna in Ollscoil Mhá Nuad dámhachtainí Cré-umha Athena SWAN a fháil le linn 2019/20 lena n-áirítear an Roinn Bitheolaíochta, an Roinn Tíreolaíochta, agus an Roinn Dlí.
- Ionchorpraíodh feasacht inscne i dTeastas MU san Eolaíocht.
- Chuaigh Réadlann Taighde Uile-Oileán MU (AIRO) i gcomhpháirtíocht leis an HEA chun Painéal Inscne nuálach a fhorbairt.
- Tionóladh ceardlann ar ghné na hinscne in ábhar taighde le linn na Seachtaine Taighde (21 - 25 Deireadh Fómhair 2019).
- Thug an Dr Victoria Brownlee ó Advance HE cur i láthair ar *Bhuneolas do Ranna ar Athena SWAN* (14 Samhain 2019).
- Reáchtáil MU "Tionól Saoránach" ar chomhionannas inscne le mic léinn iarchéime múinte sa Roinn Dlí (15 Samhain 2019)
- In 2019 ghlac MU páirt sa scéim Scoláireachta um Oideachas Feidhmiúcháin Scoláireachta Club 30%, ag soláthar scoláireachta amháin ar chlár Máistreachta páirtaimseartha, an MU MSc sa Straitéis agus sa Nuálaíocht.
- Ó 2019 i leith, tá dhá Dhámhachtain Dochtúireachta do Mhná i STEM Hume (WISH) á mhaoiniú ag MU gach bliain, mar chuid de Dhámhachtainí Dochtúireachta John agus Pat Hume. Tá Dámhachtainí WISH ar fáil don bheirt iarratasóir dochtúireachta ban is fearr ar thionscadail STEM a léiríonn sármhaitheas in obair chúrsa acadúil agus i dtaighde.
- Tá Scoláireacht Dochtúireachta Athena SWAN ceithre bliana ar *Anailís Inmheánach ar Chomhionannas Inscne in Institiúidí Ardoideachais* á maoiniú ag MU. Fógraíodh an Scoláireacht seo in 2019 ach níor líonadh í, mar sin athfhógrófar í.
- Tháinig an Grúpa Oibre Trasnach le chéile faoi dhó le linn 2019/2020 agus ceapadh an Cathaoirleach, an Dr Chandana Mathur, ar an nGrúpa Oibre Trasnach Náisiúnta Advance Ardoideachais/HEA i dteannta Oifigeach Comhionannais nua-cheaptha MU.
- Cuireadh an tréimhse *Taighde 'Saor ó Theagasc' nó Aistriú Fadaithe Athena SWAN* i bhfeidhm in 2019 mar aitheantas ar na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ag fostaithe agus iad ag filleadh ar an obair ó shaoire mháithreachais nó uchtála (tá níos mó sonraí ar fáil sa chuid 'Ollscoil atá Cairdiúil le Teaghlaigh' thíos).

# Gníomhaíochtaí agus Éachtaí



## Comhionannas Inscne ar lean

### Tionscnamh Ceannaireachta Acadúil Sinsearach

Bronnadh dhá phost nua agus breise ar Ollamh A ar Mhása Nuad faoi *Thionscnamh Ceannaireachta Acadúil Sinsearach* HEA 2019. Bronnadh na poist seo i réimsí ina bhfuil fianaise ann maidir le tearcionadaíocht inscne, áit a mbeidh tionchar suntasach aige agus ina mbeidís ina modh comhréireach agus éifeachtach chun athrú luathaithe agus inbhuanaithe a bhaint amach:

> Ollamh le Tíreolaíocht Fhisiciúil i réimse na hEolaíochta Aeráide (Oiriúnú agus/nó Maolú).

> Ollamh le hEolaíocht Ríomhaireachta i réimse na hAiltireachta agus na Sochaí Ardán Bogearraí.

### Clár Aurora

Rinne Má Nuad urraíocht ar rannpháirtíocht seisear fostaí le haghaidh clár forbartha ceannaireachta Aurora[1] 2019/2020. Is é Aurora tionscnamh forbartha ceannaireachta ardoideachais Advance do mhná agus dóibh siúd a shainaithníonn mar bhean. Reáchtáiltear é mar chomhpháirtíocht uathúil ag tabhairt saineolaithe ceannaireachta agus institiúidí ardoideachais le chéile chun gníomhú go dearfach chun díriú ar thearcionadaíocht na mban i bpoist cheannaireachta san earnáil. Ghlac Má Nuad páirt i gclár Aurora roimhe seo, i dtosach in 2015/2016 le cúigear rannpháirtí agus arís in 2017/2018 le seachtar rannpháirtí.

**Tar éis próiseas roghnúcháin an-iomaíoch, roghnaíodh na fostaithe seo a leanas mar rannpháirtithe do 2019/2020:**

> An Dr Laura Watson, Ceol

> Paula Uhel, Gnó

> An Dr Aphra Kerr, Socheolaíocht

> Paula Murray, Oifigeach Socrúchán

> An Dr Patricia Kennon, Oideachas

> Petra Stolfova, Forbairt & Tacaíocht Taighde

Féachann Aurora le tacú le mná agus lena n-institiúidí a n-acmhainneacht ceannaireachta a chomhlíonadh trí ghníomhaíochtaí spreagtha smaointe, gníomhaíochtaí comhoibritheacha um réiteach fadhbanna agus scéalta spreagthacha le tacaíocht ó eiseamláirí inspioráideacha ban. Cothaíonn an rannpháirtíocht líonraí láidre de mhná luathghairme ar fud na hearnála chun dea-chleachtas, léargas agus taithí a roinnt. Le sé bliana anuas ghlac 5,895 bean as níos mó ná 175 institiúid ar fud na RA agus na hÉireann páirt in Aurora.

## Ollscoil a Thacaíonn le Teaghlaigh

### Líonra Tuismitheoirí agus Cúramóirí

Tá an Líonra Tuismitheoirí agus Cúramóirí, a bunaíodh mar fhochoiste den Athena SWAN GESG, faoi cheannas an Dr Pauline Cullen, agus tháinig sé le chéile 3 huaire le linn 2019/20.

Chabhraigh grúpa oibre de Líonra na dTuismitheoirí agus na gCúramóirí, in éineacht le hionadaithe ón gCreis, leis an Oifigeach Comhionannais AD athbhreithniú cúram leanaí a fhorbairt agus a dhéanamh ar fhoireann MU. Cuireadh moill ar an obair seo mar gheall ar imeacht an Oifigigh Comhionannais AD agus fillfear air leis an Oifigeach Tionscadail Comhionannais nua in 2020/21.

### Saoire Mháithreachais agus ag Filleadh ar an Obair

Nuashonraíodh an Polasaí Saoire Mháithreachais Foirne in 2019, agus cuirfear treoirlínte ar fáil ar ball. Cuimsíonn na treoirlínte seo sonraí faoi thacaíocht chun filleadh ar an teagasc agus ar obair eile. Tá leagan iarchéime de na treoirlínte á ndréachtú faoi láthair freisin.

#### Tréimhse Taighde Athena SWAN 'Saor ó Theagasc' nó Aistrithe Sínte

Cuireadh tréimhse *Taighde 'Saor ó Theagasc nó Aistriú Sínte Athena SWAN '* i bhfeidhm in 2019 mar aitheantas ar na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith le sárú ag fostaithe agus iad ag filleadh ar an obair ó shaoire mháithreachais nó uchtála. Tá an tionscnamh seo mar chuid den tiomantas do thacaíochtaí a sholáthar don fhoireann uile chun cabhrú lena n-ath-imeascadh isteach ina bpoist tar éis an tsosa ón obair.

#### Foireann Acadúil

Maidir le baill foirne acadúla a bhfuil freagrachtaí teagaisc agus taighde orthu araon, féadfaidh siad iarratas a dhéanamh chuig a gCeann Roinne faoi seach ar thréimhse taighde amháin tar éis a saoire mháithreachais nó uchtála. Tacóidh an Ollscoil leis an tréimhse saor ó theagasc seo trí na socruithe teagaisc téarma shocraithe nó ócáideacha a shíneadh sa chás go bhfilleann an ball den fhoireann acadúil ar ann obair laistigh de thréimhse theagaisc. Is é cuspóir an tionscnaimh seo tréimhse ualach teagaisc laghdaithe a sholáthar d'fhoireann acadúil atá ag filleadh ó shaoire mháithreachais/uchtála chun cabhrú lena n-ath-imeascadh ar ais ina ról ach freisin an deis a thabhairt d'fhoireann acadúil a bhaineann leas as saoire den sórt sin a ngairmeacha a fhorbairt. Maidir leis seo tá sé beartaithe go dtacóidh an tionscnamh leis an mball foirne agus lena Roinn araon.

#### Baill Foirne atá gan Cúraimí Teagaisc

Féadfaidh baill foirne nach bhfuil cúraimí teagaisc orthu agus ar clúdaíodh a gcúraimí leas a bhaint as tréimhse 4 seachtaine 'aistrithe', a thógtar i mbloic coicíse roimh agus tar éis na saoire máithreachais/uchtála. Tabharfaidh an tréimhse aistrithe deis dóibh obair, tionscadail a aistriú de réir a chéile, agus teacht suas chun dáta ar chúrsaí riaracháin agus cumarsáide.

[1]https://www.advance-he.ac.uk/programmes-events/aurora



# LGBTQIA+

Seoladh *Polasaí maidir le Féiniúlacht agus Léiriú Inscne* agus treoirlínte gaolmhara i Samhradh 2019. Tairgeadh oiliúint Feasachta ar Fhéiniúlacht Inscne don fhoireann le linn 2019/20.

Ainmníodh seomraí folctha ilinscne ar fud an champais agus áis chaighdeánach a bheidh iontu i ngach foirgneamh nua – tá Má Nuad ar an mbealach chun a sprioc de 50 seomra folctha ilinscne a shroicheadh faoi dheireadh 2020.



**Íomhá de hudaithe ón Roinn Dlí ag comóradh na Seachtaine Seas Suas**

**Imeachtaí LGBTQIA+**

- I mí an Mhárta, d'óstaigh an tOifigeach Comhionannais AD an scannán *A Fantastic Woman (Una Mujer Fantástica)* agus comhrá ar an gcóras dlí a raibh tionchar aige ar dhaoine trasinscneacha agus inscne éagsúil i Meiriceá Laidineach i gcomparáid le hÉirinn.
- Reáchtáil Líonra SexGen a Siompóisiam Tionscnaimh i mí Aibreáin: '*Aghaidheanna an Athraithe: Taighde a dhéanamh ar Chúrsaí Gnéasachta agus Inscne in Ollscoil Mhá Nuad* '.
- I mí na Samhna, thacaigh Roinn Dlí Ollscoil Mhá Nuad le '*Seachtain Seas Suas*' agus d'iarr sí ar bhaill na Roinne seasamh suas i gcoinne bulaíocht ar dhaoine LGBTQI+.

# Éagsúlacht Chultúrtha – Cine agus Eitneachas


Bhí Ollscoil Mhá Nuad gníomhach ag tacú le héagsúlacht chultúrtha trí roinnt tionscnamh spriocdhírithe lena n-áirítear InSPIREurope, Ollscoil Tearmainn, ceardlanna **'Timpeallachtaí foghlama idirchultúrtha a chruthú'**, agus seisiúin chomhphlé oscailte a reáchtáil le mic léinn agus baill foirne.

Tá Ollscoil Mhá Nuad ina ball de *Ghrúpa Oibre Trasnach Náisiúnta HEA/ Athena SWAN Ireland* a chuir ráiteas ar fáil i mBealtaine 2020 chun faisnéis a sholáthar d'fhoireann in institiúidí ardoideachais ar an réasúnaíocht chun sonraí eitneachais a bhailiú agus ar chastachtaí an chatagóirithe. Soláthraíonn an ráiteas seo comhthéacs éigin d'obair chomhionannais cine san ardoideachas chomh maith le gníomhartha molta d;institiúidí ardoideachais a mheas. Thacaigh 25 institiúid ardoideachais leis an ráiteas, chomh maith le Cumann Ollscoileanna na hÉireann (IUA) agus an Cumann Ardoideachais Teicneolaíochta (THEA).

Rinne an Dr Chandana Mathur agus Sam Blanckensee ionadaíocht ar son Ollscoil Mhá Nuad ar an ngrúpa oibre seo. Geallann Ollscoil Mhá Nuad tiomanta sonraí aitheantóra eitneacha a bhailiú le go bhféadfaimis a aithint cá bhfuil an éagothroime, agus bonn eolais a chur faoi ghníomhaíochtaí institiúideacha ar fud an chórais chun aon éagothroime nó idirdhealú a chomhrac.

Tugtar léargas ar mhic léinn na chéad bhliana de réir tionscnaimh eitnigh (2019/20) i bhFíor 6 thíos, agus tá miondealú breise ar ghrúpaí faoi ghannionadaíocht ó 2016/17–2019/20 curtha i láthair i bhFíor 7.

**Figiúr 3: Líon na bhfreagróirí as mic léinn chéad bhliana de réir bunús eitneach**




Sonraí a bailíodh tríd an Suirbhé ar Rochtain Chomhionann


[2] www.maynoothuniversity.ie/edi/edi-policies/GIGEpolicy
[3] hea.ie/assets/uploads/2020/07/Intersectionality-WG-Statement-on-Ethnicity-Categories-in-Irish-HE.pdf



# Gníomhaíochtaí agus Éachtaí

## Éagsúlacht Chultúrtha – Cine agus Eitneachas ar lean

Figiúr 4: Céatadán na bhfreagróirí as mic léinn chéad bhliana de réir tionscnaimh eitnigh (agus catagóirí Éireannacha agus Níor nocht á dtaispeáint)




Sonraí a bailíodh tríd an Suirbhé Comhionannais Rochtana idir 2016 agus 2019. Tugtar céatadáin de bharr méid beag na dtacar sonraí.

### InSPIREurope

Ar an 14 Deireadh Fómhair 2019, sheol deichniúr comhpháirtithe Eorpacha in Ollscoil Mhá Nuad tionscnamh nua arna mhaoiniú ag an AE chun tacú le taighdeoirí atá i gcontúirt. Is é atá sa tionscnamh, InSPIREurope[4] comhghuaillíocht ar fud na hEorpa do thaighdeoirí atá i gcontúirt mar gheall ar idirdhealú, géarleanúint, fulaingt nó foréigean.

Maoinítear an tionscadal faoi Ghníomhartha Marie Skłodowska-Curie an Choimisiúin Eorpaigh, agus tá sé á óstáil ag Ollscoil Mhá Nuad in Éirinn, agus á chomhordú ag Scoláirí ag Risk Europe[5].

De réir mar a iarrann an líon is mó taighdeoirí tacaíocht ar an Eoraip, ní thig le tír, rialtas, ENR, nó fiontar ar bith scóip an dúshláin a chomhlíonadh. Teastaíonn cur chuige uaillmhianach agus comhordaithe InSPIREurope chun an tacaíocht sin a sholáthar.

Tá Ollscoil Mhá Nuad ina ball bunaidh de Scoláirí i gContúirt (Éire)[6] agus óstálfaidh sí oifig Eorpach an líonra dhomhanda de Scoláirí i gContúirt (SAR).




**Seoladh InSPIREurope (ó chlé);** Robert Quinn, Stiúrthóir Feidhmiúcháin Bunaidh, Líonra Scoláirí i gContúirt (SAR); Sinead O'Gorman, Stiúrthóir, SAR Europe; An tOllamh Linda Connolly, Stiúrthóir, Institiúid Eolaíochtaí Sóisialta Ollscoil Mhá Nuad; An tOllamh Philip Nolan, Uachtarán Ollscoil Mhá Nuad

### Cothromas Cine in Ollscoil Mhá Nuad - Seisiúin Díospóireachta le Mic Léinn

**Príomhimeachtaí 2019/20:**

- Tionóladh *Fóram Plé Oscailte* ar an 3 Nollaig 2019 le mic léinn (arna chomhóstáil ag MSU agus an VPED) chun ár gcampas d'eitneachas éagsúil a phlé. As an gcruinniú seo tháinig roinnt gníomhartha lena n-áirítear seisiúin oiliúna don fhoireann ar Fheasacht ar Chlaonadh. Ba é seo an chéad cheann i sraith seisiún cruinnithe oscailte EDI a tionóladh le mic léinn.

- D'eagraigh MSU agus Oifig an Leas-Uachtaráin um Chomhionannas agus Éagsúlacht díospóireacht phainéil ar an 28 Iúil 2020 le mic léinn dar teideal *'Race Equity at Maynooth University'*. D'oscail an tUachtarán Philip Nolan an ócáid, ag plé freagrachtaí na hOllscoile i ngleic le ciníochas. Ar an bpainéal bhí an Seanadóir Eileen Flynn, Bukky Adebowale, (MSU) Leas-Phríomhoide Shaol na Mac Léinn, Megan Berry, Mac Léinn Máistreacha i Staidéar Sóisialta Feidhmeach agus Tina Adinga, Seanadóir Éagsúlachta Eitneach MSU. Bhí Kelly Rennick, Uachtarán MSU agus an Dr Gemma Irvine, Leas-Uachtarán Comhionannais agus Éagsúlachta, mar chathaoirleach ar an bpainéal agus thug Sam Blanckensee, Oifigeach Comhionannais MU nuashonruithe ar obair na hOllscoile.



Pictiúr de Sheimineár Gréasáin Plé Painéal Cothromais Cine

[4] www.maynoothuniversity.ie/sar-europe/inspireurope
[5] www.scholarsatrisk.org/scholars-at-risk-europe
[6] www.scholarsatrisk.org/sections/sar-ireland



## Ollscoil Tearmann

Ainmníodh Ollscoil Mhá Nuad go hoifigiúil mar Ollscoil Tearmainn ar an 20 Feabhra 2020 ar son a tionscnaimh chun fáilte a chur roimh dhídeanaithe, iarrthóirí tearmainn agus imircigh eile isteach sa phobal.

Rinne an Ollscoil a ainmniú a chomóradh trí fhilí, mic léinn, acadóirí iriseoirí agus aisteoirí na sochaí sibhialta a thabhairt le chéile chun brí na hÉireann mar áit tearmainn a phlé.

Thug rannpháirithe léamha a foilsíodh in *Correspondences: an anthology to call for an end to direct Provision*, bailiúchán bunaidh scríbhneoireachta, grianghrafadóireachta agus ealaíne leo siúd atá sa chóras soláthair dhírigh, curtha in eagar ag Jessica Traynor agus Stephen Rea. Ina dhiaidh sin tharla plé painéil leis na filí Marwa Zamir, Claire Hennessy agus Jessica Traynor; agus mic léinn reatha agus iar-mhic léinn MU Warsame Ali Garaare agus Zoryana Psyhk.

Phléigh an painéal a dtaithí ar Éirinn mar áit tearmainn, an córas soláthair dhírigh agus a chomhoiriúnacht le coincheap an tearmainn. Scrúdaigh siad freisin ról na n-ollscoileanna maidir le cuimsiú iarratasóirí cosanta idirnáisiúnta agus dídeanaithe a chur chun cinn.

Tá tiomantas léirithe ag ollscoileanna tearmainn chun fáilte a chur roimh iarrthóirí tearmainn agus dídeanaithe ar a gcampas trí thionscnaimh lena n-áirítear scéimeanna sparánachta agus scoláireachta agus straitéisí a ghlacadh chun iad a imeascadh lena bpobal.

Is tionscnamh de chuid Ollscoil Tearmainn Éireann é an Gradam Tearmainn chun spreagadh agus ceiliúradh a dhéanamh ar dhea-chleachtas ollscoileanna, coláistí agus institiúidí a chuireann fáilte roimh dhídeanaithe, iarrthóirí tearmainn agus imircigh eile isteach i bpobail a n-ollscoile agus cultúr ionchuimsitheachta a chothú dóibh siúd go léir atá ag lorg tearmann. Tá sé mar aidhm ag an nGradam an cultúr fáilteach seo a scaipeadh ar fud institiúidí an ardoideachais ar fud an oileáin.

Mar chuid dá tiomantas faoi phróiseas Ollscoil Tearmainn, bhunaigh Ollscoil Mhá Nuad scéim phíolótach de thrí "scoláireacht tearmainn" do mhic léinn ó chúlra iarrtha tearmainn nó dídeanaithe ar mian leo staidéar a dhéanamh san Ollscoil sa bhliain acadúil 2020-21. Tionóladh tráthnóna faisnéise i mBealtaine 2020 d'iarratasóirí ionchasacha, ar tugadh an deis dóibh leas a bhaint as comhairle 'meantóra' na hOllscoile chun a n-iarratas á chomhlánú.



Díospóireacht phainéil ag ócáid ag ar ceiliúradh ainmniú Ollscoil Mhá Nuad mar Ollscoil Tearmainn

## Timpeallachtaí Foghlama Idirchultúrtha a Chruthú

Rinne an Roinn Oideachais Aosach agus Pobail agus Oifig an Leas-Uachtaráin um Chomhionannas agus Éagsúlacht comhóstáil ar sheisiún tosaigh ar '*Timpeallachtaí Foghlama Idirchultúrtha a Chruthú*' ar an 12 Márta 2020. Dhírigh an plé ar an gcuma a bheadh ar chleachtais teagaisc idirchultúrtha d'fhoireann in Ollscoil Mhá Nuad. Ba iad Philomena Obasi agus Veronika Akinborewa a d'éascaigh an seisiún agus bhí sé bunaithe ar an gclár HE4u2 arna mhaoiniú ag Erasmus +, a bhfuil sé ar intinn aige teagasc agus foghlaim ardoideachais a dhéanamh níos éagsúla, níos freagrúla agus níos iomaíche trí oideolaíochtaí ionchuimsitheacha a chomhtháthú leis na curaclaim atá ann cheana.

D'fhreastail baill foirne acadúla agus riaracháin, teicniúla agus gairmiúla ó dhámha éagsúla ar an gceardlann. I measc na bpointí a aibhsíodh bhí ionadaíocht ar thaighde a foilsíodh sa Deisceart Domhanda laistigh de churaclaim, an gá atá le tacú le daoine chun machnamh a dhéanamh ar a bhféiniúlacht agus a bpribhléid chultúrtha féin, conas faisnéis scaipthe faoi oideolaíocht idirchultúrtha a dhéanamh níos ábhartha do bhaill na dáimhe STEM, agus dúshláin na ranganna móra don oideachas rannpháirteach.

Gheofar tuilleadh faisnéise faoin gclár HE4u2 anseo: **http://he4u2.eucen.eu**. Reáchtálfar seisiúin iomlána den chlár seo in 2020/21 - má cheadaíonn COVID-19 é.



An seisiún ar Thimpeallachtaí Foghlama Idirchultúrtha a Chruthú (ó chlé) Sam Blanckensee, Oifigeach Comhionannais MU; An Dr Gemma Irvine, Leas-Uachtarán um Chomhionannas agus Éagsúlacht, Ollscoil Mhá Nuad; Veronica Akinborewa, Éascaitheoir, An Roinn Oideachais Aosaigh Ollscoil Mhá Nuad; Philomena Obasi, Éascaitheoir, An Roinn Oideachais Aosach, Ollscoil Mhá Nuad.

[7] https://ireland.cityofsanctuary.org/universities-and-colleges-of-sanctuary



# Gníomhaíochtaí agus Éachtaí

## Míchumas

### Saoráidí agus Inrochtaineacht

Chuir Ollscoil Mhá Nuad Saoráid Inrochtana d'Áiteanna atá ag Athrú ar fáil i Lóiste MAP. Clárófar an tsaoráid ar shuíomh Gréasáin Changing Places in 2020.

Ní hionann saoráidí 'Changing Places' agus leithris chaighdeánacha inrochtana. Tá go leor gnéithe agus trealamh breise acu a fhágann go bhfuil siad níos inrochtana ná na leithris chaighdeánacha inrochtana a bhfuil cur amach againn orthu go léir. Soláthraíonn áiseanna Áiteanna atá ag Athrú 12m² d'achar urláir agus cuimsíonn siad ardaitheoir rianta síleála a chlúdaíonn an seomra ra fad, babhla leithris suite go lárnach le spás ar gach taobh d'aistrithe nó do chúntóirí, agus binse athraithe do dhaoine fásta ar féidir a airde a athrú,

Tá áiseanna Áiteanna atá ag Athrú deartha chun sláinte, sábháilteacht, compord agus dínit duine a bhféadfadh tacaíocht bhreise agus trealamh breise a bheith ag teastáil uaithi/uaidh le linn tascanna cúraim phearsanta a fheabhsú. Cuireann áiseanna Áiteanna atá ag Athrú gnéithe breise sábháilteachta agus tacaíochta ar fáil do chúntóirí.' (Gheofar tuilleadh eolais ag changingplaces.ie).



An Áis Inrochtana Changing Places sa Lóiste MAP

### For-Rochtain

Reáchtáil Ollscoil Mhá Nuad Campa Samhraidh Teicneolaíochta Cúnta do dhaoine óga atá ar Lagradharc.

Rinne Ollscoil Mhá Nuad Corcra a lasadh do Lá Idirnáisiúnta na nDaoine faoi Mhíchumas ar an 4 Nollaig, 2019.

## Cur i Bhfeidhm an Chreata Toilithe

Tá Ollscoil Mhá Nuad ag obair go gníomhach chun an *Creat Toilithe in HEInna:* a chur i bhfeidhm: *Safe, Respectful, Supportive and Positive: Ending Sexual Harassment in Irish Higher Education Institutions* . Sannadh cur chun feidhme an Chreata Toilithe do bhall d'fhoireann Feichmiúcháin na hOllscoile (an Dr Gemma Irvine, an Leas-Uachtarán um Chomhionannas agus Éagsúlacht), mar a mhol an Grúpa Comhairleach Saineolaithe.

D'aithin an Leas-Uachtarán um Chomhionannas agus Éagsúlacht éagsúlacht na ngeallsealbhóirí ar fud na hOllscoile a bhfuil ról acu le cinntiú go bhforbrófar cultúr institiúideach campais atá sábháilte, measúil agus tacúil, agus chuige sin bhunaigh sí *Grúpa Oibre ar Chur i bhFeidhm an Chreata Toilithe* a chabhróidh chun cur i bhfeidhm an Chreata a chomhordú. Léiríonn sé seo tiomantas ag gach leibhéal chun tacú le mic léinn agus baill foirne ar thoiliú agus chun foréigean gnéasach a chosc. Déantar amhlaidh faoi stiúir na hardbhainistíochta le seaimpíní/abhcóidí an champais, agus i gcomhpháirtíocht le hAontas Mac Léinn Mhá Nuad. Tá duine dár saineolaithe acadúla sa réimse seo, an Dr Sinéad Ring, ina chathaoirleach ar an ngrúpa seo. Tá an Dr Ring ina bhall den Chomhairle Chomhairleach Náisiúnta agus bhí baint mhór aici le treoirlínte Chreat Toilithe Chumann Ollscoileanna na hÉireann a ullmhú, chomh maith le bheith ina ball den Ghrúpa Comhairleach Saineolaithe a chuir an Creat Toilithe i dtoll a chéile.

Bronnadh € 14,000 ar MU faoi Ghlao Creata Toilithe 2019 na Roinne Oideachais agus Scileanna (DES) chun an Creat a chur i bhfeidhm, agus chun an *Uirlis Tuairiscithe agus Tacaíochta* a bhunú agus a chur i bhfeidhm (uirlis tuairiscithe ar líne trínar féidir eachtraí de chiapadh gnéis, bulaíocht, ionsaí agus foréigean a thuairisciú gan ainm a thabhairt). Táimid lántiomanta do thacú leo siúd a d'fhéadfadh a bheith thíos leis seo.

**Príomhimeachtaí/gníomhaíochtaí in 2019/20:**

- Drámaíocht maidir le Toiliú Gníomhach* arna hóstáil ag MSU
- Chuaigh MSU i gcomhpháirtíocht le foireann Chomhairleoireachta MU chun ceardlann a chur ar fáil i mí Feabhra 2019 ar Gheandáil agus ar Thoiliú, agus in 2019/20 cuireadh dhá cheardlann ar fáil i mí Feabhra agus i mí na Bealtaine ar Chaidreamh agus Toiliú Sláintiúil.
- Feachtas 'It Stops Now' de chuid Chomhairle Náisiúnta na mBan ar siúl ar an gcampas (Márta 2020), ag athdhearbhú ár dtiomantas do stop a chur le ciapadh gnéasach agus foréigean in institiúidí ardoideachais.
- Treoir IUA d'Ollscoileanna a fhorbairt - *Creat Toilithe*[9], Bealtaine 2020 maidir le *Conas Freagairt a Thabhairt ar Mhí-iompar Gnéasach Líomhanta ó thaobh d Ball Foirne nó Mic Léinn nó a bhaineann leis an Ollscoil.*

[8] www.education.ie/en/Publications/Education-Reports/framework-for-consent-in-higher-education-institutions.pdf

[9] www.iua.ie/wp-content/uploads/2020/09/IUA-Guidance-for-Universities-Consent-Framework%C2%ADFinal_May2020.pdf



### Bronnadh Bonn an Uachtaráin 2020 ar Laura Madden



Laura Madden ag Imeacht Bhonn an Uachtaráin

Bhronn Ollscoil Mhá Nuad Bonn an Uachtaráin ar Laura Madden ag ócáid speisialta ar an 5 Márta 2020. Bhí Ms Madden ar dhuine de na chéad mhná a labhair ar an taifead le tuairisceoirí New York Times Jodi Kantor agus Megan Twohey faoi chreachadh gnéasach an léiritheora Hollywood Harvey Weinstein. Spreag crógacht na mban a d'inis a gcuid scéalta maidhm shléibhe de theistiméireachtaí poiblí faoin haischlib #MeToo, as ar lean gluaiseacht dhomhanda níos leithne.

Ag glacadh le Bonn an Uachtaráin, dúirt Ms Madden: "Is mór an onóir dom cuireadh a fháil chuig Ollscoil Mhá Nuad chun an gradam seo a fháil. Turas thar a bheith deacair a bhí ann thar na blianta agus faoi dheireadh bhí mé in ann mo thaithí a roinnt agus mothú gur féidir tacaíocht chomhchoiteann na mban agus na bhfear ó gach gné den saol athrú bunúsach a bhaint amach. Rud amháin atá foghlamtha agam ó d'inis mé mo scéal go poiblí ná nach féidir leat fadhb a réiteach mura bhfuil sí le feiceáil. Trí thaithí chomhchoiteanna na mban a thabhairt chun solais, tá tús curtha le ríomh domhanda. Táim an-bhuíoch d'Ollscoil Mhá Nuad agus don Ollamh Philip Nolan as ardán a thabhairt dom in éineacht leis na mná iontacha seo, an tOllamh Linda Connolly agus an tOllamh Anne O'Brien, agus as a bheith chomh tiomanta d'ábhar deacair a choinneáil faoin solas."

"Tá Ollscoil Mhá Nuad thar a bheith bródúil as Bonn Uachtarán 2020 a bhronnadh ar Laura Madden," a dúirt Uachtarán Ollscoil Mhá Nuad, an tOllamh Philip Nolan. "Is bean urghnách í Ms Madden a shocraigh go cróga labhairt faoina tráma ainneoin an bhrú uafásach ó lucht cumhachta, agus an díoltas a d'fhéadfaí a imirt uirthi. Chabhraigh an misneach a léirigh sí chun solas a chaitheamh ar thionscail ina mbaintear leas as éagothroime cumhachta chun gníomhartha foréigin a dhéanamh agus a cheilt. D'adhain sí, i dteannta le mná eile a tháinig chun tosaigh, gluaiseacht dhomhanda níos leithne, ag spreagadh mná ar fud an domhain chun a gcuid scéalta a roinnt go poiblí faoin haischlib #MeToo."

Mar chuid den ócáid speisialta seo do Lá Idirnáisiúnta na mBan in Ollscoil Mhá Nuad, d'óstáil an craoltóir RTÉ Audrey Carville plé painéil leis an Uasal Madden, an tOllamh Linda Connolly, Stiúrthóir Institiúid Eolaíochtaí Sóisialta Ollscoil Mhá Nuad (MUSSI) atá ina scoláire mór le rá ar thaithí mná ar bhain tráma dóibh i Stair na hÉireann, agus an Dr Anne O'Brien ón Roinn Staidéar Meán in Ollscoil Mhá Nuad agus údar Women, Inequality and Media Work.

# Obair EDI le linn COVID-19

Bhí baint ag Oifig an Leas-Uachtaráin um Chomhionannas agus Éagsúlacht le forbairt roinnt foilseachán a dhírigh ar éifeachtaí agus tionchar féideartha COVID-19 ar fhoireann agus mhic léinn institiúidí ardoideachais, le treoir agus moltaí molta lena n-áirítear:

- D'eisigh grúpa Leas-Uachtaráin IUA um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú Seicliosta EDI COVID-19, 3 Aibreán *2020;*
- *D'fhoilsigh ERAC SWG GRI* (Coiste Réimse Taighde Eorpach, Buan-Ghrúpa Oibre, ar Inscne i dTaighde agus Nuálaíocht) páipéar seasaimh[10] ar an ráig reatha COVID-19 agus na tionchair inscne ar thaighdeoirí agus ar mhúinteoirí, 2 Meitheamh 2020;
- D'eisigh *Coiste Náisiúnta an HEA um Chomhionannas Inscne* Ráiteas maidir ar phaindéim Covid-19 agus ar chomhionannas inscne in ardoideachas na hÉireann in ardoideachas na hÉireann do Cheannairí na nInstitiúidí ar an 15 Meitheamh 2020.

Ina theannta sin, sheol Oifig an Leas-Uachtaráin um Chomhionannas agus Éagsúlacht *Ollscoil Mhá Nuad – Suirbhé Bíge ar Fhostaithe maidir le hObair Chianda le linn COVID-19* ar an 3 Iúil 2020. Ba é cuspóir an tsuirbhé sonraí a bhailiú ar eispéiris fhostaithe Ollscoil Mhá Nuad ar chianobair le linn srianta COVID-19. Ina theannta sin, áiríodh ann daonáireamh, thar ceann na Seirbhísí TF, ar na gléasanna a úsáidtear chun obair ón mbaile.

Suirbhé deonach gan ainm a bhí anseo agus ní raibh sé éigeantach na ceisteanna a fhreagairt. Fuair Oifig an Leas-Uachtaráin um Chomhionannas agus Éagsúlacht torthaí an tsuirbhé[11] agus comhiomlánaíodh sonraí chun réamhthuarascálacha a ullmhú le haghaidh anailíse níos leithne. Rinneadh torthaí an tsuirbhé a roinnt le roinnt grúpaí agus bhí sé mar bhonn eolais lena gcuid oibre lena n-áirítear: An Grúpa Oibre COVID-19 um Fhilleadh ar an gCampas; Seirbhísí TF; an tOifigeach Míchumais/Acmhainní Daonna; díospóireachtaí ar fhorbairt pleananna teagaisc; agus chuir sé bonn eolais faoi fhorbairt an bheartais 'Cianobair le linn Covid-19' d'Fheidhmeannas na hOllscoile.

**Cuireadh dhá dhoiciméad i dtoll a chéile freisin ag cur síos ar chúinsí mac léinn agus foirne de réir mar a bhog earnáil an ardoideachais i dtreo na hathoscailte:**

- The *Guidelines for Student Support* inar leagadh síos riachtanais na mac léinn is imeallaithe. Tá fíor-riosca ann go gcuirfear deireadh le go leor den ghnóthachtáil a baineadh amach i gcomhthéacs rochtain ar ardoideachas a leathnú le 20 bliain anuas sna míonna agus sna blianta amach romhainn. Chun an tionchar seo a mhaolú, ní mór aird a thabhairt ar riachtanais na ndaoine is imeallaithe thar aon ní eile.
- Thug *Moltaí Foirne COVID-19 le breithniú* léargas ar na cineálacha tionscnamh a d'fhéadfadh Ollscoil Mhá Nuad a chur san áireamh chun dhlúthpháirtíocht a thaispeáint lenár bhfoireann agus a aithint go sainráite cé chomh deacair agus a bhí an ghéarchéim COVID-19, agus conas a d'fhéadfaimis an tslí a oibrímid a athshamhlú don todhchaí.


[10] genderaction.eu/wp-content/uploads/2020/06/SWGGRI_Position-paper-on-COVID-19.pdf
[11] www.maynoothuniversity.ie/sites/default/files/assets/document//MU%20COVID-19%20Report_2020%2011%2005.pdf

# Gníomhaíochtaí agus Éachtaí



## Imeachtaí/Gníomhaíochtaí/Éachtaí Eile in 2019/20

- Tionóladh Seachtain um Cheartas Sóisialta Ollscoil Mhá Nuad ar 4-9 Márta 2019.
- Le linn Sheachtain Cheartais Shóisialaigh Mhá Nuad 2019, d'óstáil Grúpa Oibre Trasnach Athena SWAN Ollscoil Mhá Nuad agus an tOifigeach Comhionannais Acmhainní Daonna ócáid idirghníomhach ar an 5 Márta, 2019 *"Comhionannas, Éagsúlacht & Idirchreidmheachas: Cén chuma atá air in Ollscoil Mhá Nuad?."*
- D'óstáil Seachtain Ceartais Shóisialaigh Ollscoil Mhá Nuad ar an 9-13 Márta 2020 '*Muintearas agus Eisiamh i nDomhan ina bhfuil Aeráidí ag Athrú.*'
- Bhí Ollscoil Mhá Nuad san áireamh den chéad uair riamh i *Rangú Tionchair Ardoideachais an Times.* Déanann an rangú seo measúnú ar fheidhmíocht ollscoileanna i gcomparáid le Spriocanna na Náisiún Aontaithe maidir le Forbairt Inbhuanaithe.
- Bhain an Ollscoil áit amach sna 200 ollscoil is fearr ar domhan. Rangaíodh Má Nuad san 1ú háit in Éirinn agus sa 49ú háit ar domhan d'Oideachas Ardchaighdeáin (SDG4), agus sa 3% d'ollscoileanna is fearr ar domhan as a cuid taighde ar éagothroime sóisialta, beartais ar idirdhealú agus tiomantas d'fhoireann agus do mhic léinn a earcú ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht (SDG10). Bhain Ollscoil Mhá Nuad amach an 2ú háit in Éirinn agus an 34ú háit ar fud an domhain maidir le Comhionannas Inscne (SGD5).
- Fuair Ollscoil Mhá Nuad '*Gradam EDI Chumann Gnó Chill Dara, 2019'* as obair MU ar ár mbeartas um Fhéiniúlacht agus Léiriú Inscne in 2019.
- Tugadh cuireadh don VPED dul ar phainéal i dtaobh *Lá Idirnáisiúnta na mBan Chumann Gnó Chill Dara,* 8 Márta 2019.
- 25 Deireadh Fómhair 2019 – Seoladh *Kathleen Lonsdale Institute for Human Health Research*. Ienar áiríodh óráid óna mac, Stephen Lonsdale, ar a gairm, agus a gníomhaíochas ar son na síochána agus an tsíochánachais.




Póstaer don tSeachtain Ceartais Shóisialaigh 2020



Óráidí MU ag imeacht de Chumann Gnó Chill Dara ar Lá Idirnáisiúnta na mBan 2020



An Dr Fiona Walsh ag labhairt ag seoladh Institiúid Kathleen Lonsdale don Taighde ar Shláinte an Duine

[12] sdgs.un.org/goals



# Clár Rochtana Mhá Nuad

Glactar leis go forleathan gurb é Ollscoil Mhá Nuad atá chun tosaigh ar fud na tíre i réimse leathnú na rannpháirtíochta. Oibríonn Clár Rochtana Ollscoil Mhá Nuad (MAP) i gcomhpháirtíocht ar fud na hOllscoile agus in éineacht le foghlaimeoirí, scoileanna agus pobail faoi ghannionadaíocht chun cothromas rochtana a mhéadú agus tacú le rath mac léinn.

**Sa bhliain acadúil 2019/20, aithníodh gur bhain 2,732 mac (beagnach 24% de líon na mac léinn) le grúpa faoi ghannionadaíocht. Déanann MAP raon leathan gníomhaíochtaí lena n-áirítear:**

> Mic léinn a earcú ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht m.sh., Taistealaithe & Romaigh, dídeanaithe, daoine ó cheantair inar beag an líon a théann ar aghaidh chuig ardoideachas, daoine a bhfuil ciontuithe acu agus daoine faoi mhíchumas, trí raon scéimeanna/ clár for-rochtana (m.sh., meantóireacht, laethanta scáthfhoghlama, ceardlanna faisnéise) agus Pathway (m.sh., DARE, HEAR, Bonnchúrsa chun Smaoineamh ar an Mhúinteoireacht, Clár um Fhilleadh ar an Fhoghlaim do Thaistealaithe);

> Tacú leis an 'bpointe aistrithe' criticiúil isteach san Ollscoil do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht (e.g. an Clár Treoshuímh Launchpad);

> Maoiniú a sholáthar do mhic léinn a bhfuil baic airgeadais le sárú acu (e.g. Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn, scoláireachtaí, ríomhairí glúine);

> Tacaíochtaí a sholáthar do mhic léinn, lena n-áirítear comhairle duine le duine (Comhairleoirí Mac Léinn) agus tacaíochtaí teicneolaíochta agus acadúla (e.g. Clár Aistrithe Teicneolaíochta, socruithe réasúnta i scrúduithe, cúntóirí pearsanta, daoine a ghlacann nótaí);

> Freagraí a cheapadh ar riachtanais nua, m.sh., meabhairshláinte mac léinn (Lár-Sheirbhís na Mac Léinn), éagsúlú oideachas tosaigh múinteoirí (Tionscadal Fill ar an Múinteoireacht);




Cuireann Ambasadóir MAP fáilte roimh mhac léinn nua ag Launchpad

## Freagairt MAP ar COVID-19

Ag tús COVID-19, thug an OECD rabhadh in (*Freagraí Beartais ar an gCoróinvíreas (COVID-19)*: *Daoine agus Sochaithe a Chosaint*) go mbeadh tionchar níos measa fós ar mhic léinn leochaileacha agus ar mhic léinn faoi mhíbhuntáiste ó thaobh na hacadúlachta ná i gcás a bpiaraí le linn agus iar-COVID. Bhí an t-aistriú thar oíche chuig teagasc agus foghlaim ar líne, in éineacht leis na cúinsí dúshlánacha agus neamhbhuana a bhaineann le saol na mac léinn rochtana, ina bhagairt uathúil do rannpháirtíocht leanúnach ghrúpaí faoi ghannionadaíocht na hOllscoile.

I mí Aibreáin, chuir MAP tús le próiseas 'síneadh amach' le cohórt rochtana na hOllscoile (n = 2,732).

Dearadh an 'síneadh amach' chun tionchar COVID-19 agus an t-aistriú chuig teagasc agus foghlaim ar líne ar mhic léinn rochtana a thuiscint agus chun tacaíocht agus treoir thráthúil agus iomchuí a sholáthar. Bunaíodh teagmháil le 56% de mhic léinn (n = 1524) ar bhealaí éagsúla lena n-áirítear suirbhé ríomhphoist, glaonna, téacsanna agus Moodle.

Bhí an suirbhé ag iarraidh tuiscint a fháil ar eispéiris na mac léinn i dtrí phríomhréimse: acadúil, airgeadais agus pearsanta. Chuir thart ar 71% de na freagróirí in iúl go raibh leibhéal áirithe imní pearsanta, airgeadais agus/nó acadúil orthu (n = 1,083) agus bhí imní acadúil de chineál éigin ar an gcuid is mó (97%). Bhí imní ar sciar mór (n = 638, 41%) faoi thitim taobh thiar go hacadúil, agus bhí imní ar thart ar an gcúigiú cuid de mhic léinn rochtana nach raibh spás staidéir oiriúnach acu (n = 411, 26%). Bhí imní ar mhic léinn áirithe nach raibh trealamh TF oiriúnach acu (n = 130, 8%) cé go raibh imní ar níos mó faoina nasc idirlín (n = 361, 23%) agus a gcumas rochtain a fháil ar ábhar cúrsa ar líne (n = 264, 17%) . Chuir roinnt mac léinn imní in iúl freisin maidir le tuiscint a fháil ar na tacaíochtaí míchumais a bhí ar fáil le linn na tréimhse seo (n = 114, 7%).

Ar an iomlán, thug 65% de na freagróirí le fios go raibh imní airgeadais orthu (n = 990, 65%). Bhí imní ar roinnt mac léinn faoi chaillteanas ioncaim a d dteaghlaigh (n = 223, 14%), a gcostais mhíosúla a bhainistiú (n = 172, 11%) agus bhí imní ar chuid acu nach raibh siad in ann costais cíosa/tithíochta a íoc (n = 69, 4%) le linn thréimhse an tsuirbhé. Maidir le hábhair imní pearsanta, bhí imní ar bheagnach leath na mac léinn rochtana faoina gcothromaíocht idir saol an staidéir agus a saoil phearsanta (n = 717, 46%), agus bhí sciar mór freisin buartha faoina sláinte mheabhrach agus faoi imní le linn na tréimhse seo (n = 619, 40% ). Ba chúis imní freisin cúraimí aire (n = 205, 13%) agus imní faoina sláinte féin (n = 172, 11%).





## Clár Rochtana Mhá Nuad ar lean

Cuireann an liosta thíos béim ar roinnt tacaíochtaí, acmhainní agus cuir chuige nua a cuireadh i bhfeidhm chun freagairt do riachtanais na mac léinn.

**Ina theannta sin, forbraíodh acmhainní chun tacú le baill foirne acadúla, go háirithe maidir le socruithe réasúnta a chur i bhfeidhm i scrúduithe do mhic léinn faoi mhíchumas.**

- Seirbhís Iasachta Ríomhairí Glúine: Comhthionscnamh leis an Leabharlann, trínar tugadh níos mó ná 75 ríomhaire glúine ar iasacht do mhic léinn.
- Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn: Leithdháileadh € 300,000 de mhaoiniú breise ar thart ar 350 mac léinn.
- Tobghrúpa do Thaistealaithe agus do Romaigh: bhí roinnt ranna acadúla sa ghrúpa seo agus tarmligeadh dó an freagra ar mhic léinn Taistealaithe agus Romacha a stiúradh.
- Acmhainní Ar Líne do Mhic Léinn: Forbraíodh físeáin agus PowerPoints inste do mhic léinn ar raon ábhar acadúil agus folláine.
- Launchpad Ar Líne: D'óstáil Ambasadóirí Mac Léinn MAP agus baill foirne iad seo go seachtainiúil agus chuir na comhráite Foirne seo fóram ar fáil do mhic léinn chun a bheith ceangailte leis an Ollscoil i gcónaí tar éis Launchpad, chun uasoiliúint a dhéanamh, agus chun spraoi a bheith acu.
- Teicneolaíocht Chúnta: Buail Isteach: Chuir an Speisialtóir Teicneolaíochta Cúnta tacaíocht theicniúil duine le duine ar fáil do mhic léinn a bhí ag streachailt leis an teicneolaíocht.
- Nóta Treorach Foirne maidir le Socruithe Réasúnta a Chur i bhFeidhm le haghaidh Measúnuithe Cianda: Forbraíodh é seo chun treoir phraiticiúil a sholáthar don fhoireann agus do mhic léinn maidir le socruithe réasúnta a chur i bhfeidhm; liostáil an doiciméad seo Ceisteanna Coitianta don fhoireann agus do mhic léinn agus thug sé seoladh ríomhphoist tiomnaithe nua disability.office@mu.ie chun tacú le baill foirne acadúla lena gcuid fiosruithe.
- Feidhm Comhrá Bheo: forbraíodh feidhm nua Fiafraigh ar shuíomh Gréasáin MAP chun cumarsáid fhíor-ama a chumasú leis an bhfoireann agus leis na mic léinn.

I rith míonna an tsamhraidh, fuair an Ollscoil roinnt cistí mar chuid de fhreagairt an HEA ar thionchar COVID-19. Ina measc seo bhí (i) deontas COVID de € 577,000 chun díriú ar an deighilt dhigiteach agus (ii) leithdháileadh €107,000 chun seirbhísí rochtana a atreorú chun tacú leo siúd a bhfuil an riachtanas is mó acu. Bhí MAP chun tosaigh ó thaobh na tacaíochtaí breise seo a éileamh, ag obair leis an gCoiste Náisiúnta um Míbhuntáiste Oideachais chun uiríll a dhéanamh don rialtas faoi thionchar COVID ar ghrúpaí rochtana. Tharraing MAP ilpháirtithe le chéile san Ollscoil, lena n-áirítear Seirbhísí do Mhic Léinn, Seirbhísí TF, an Leabharlann agus Aontas na Mac Léinn chun na cistí seo a chionroinnt go tapa agus go héifeachtach. Tá scéim fhadtéarmach iasachtaí ríomhaire glúine curtha i bhfeidhm anois do mhic léinn a bhfuil easnamh TF orthu agus atá faoi mhíbhuntáiste airgeadais, agus dáileadh beagnach 400 ríomhaire go dtí seo.

### TIONSCNAIMH STRAITÉISEACHA – Cistiú Náisiúnta

Tá MAP ag treorú agus ag comhordú roinnt tionscnamh straitéiseach le raon comhpháirtithe ar fud na hOllscoile agus go seachtrach, ag díriú ar chuspóirí ar leibhéal an chórais a sainaithníodh trí Chreat Feidhmíochta an Chórais Ardoideachais. Chuir an HEA agus an Roinn Oideachais agus Scileanna (DES) an tsamhail mhaoinithe iomaíoch seo chun cinn tríd an gClár um Rochtain ar Ardoideachas (PATH).


Is ciste tiomnaithe €16.5m é PATH le trí shnáithe ar leithligh chun tacú le HEInna an Plean Náisiúnta um Chothromas Rochtana ar Ardoideachas 2015–2019 a chur i bhfeidhm.

PATH
Programme for Access to Higher Education



Céimí Ollscoil Mhá Nuad agus múinteoir, James Cawley (sa lár); ina chomhluadar ó thaobh na láimhe clé tá Peter Kirk – CP James, Mic léinn agus ambasadóirí Mhá Nuad Bianca Paun, Endurance Kalabor agus Ryan Lynch.

### COSÁN 1: Smaoinigh ar an Múinteoireacht




Casadh ar an Múinteoireacht a Athshamhlú

Faoi COSÁN 1, leithdháileadh €750,000 tosaigh ar MU in 2017 agus €750,000 eile in 2020 chun rochtain ar oideachas múinteoirí a éagsúlú. Is é freagra na hOllscoile an Clár Cas ar an Múinteoireacht, an tionscnamh náisiúnta is mó chun rochtain ar oideachas tosaigh múinteoirí a éagsúlú.

D'fhorbair MAP, an Roinn Oideachais Aosach agus Pobail, an Roinn Froebel um Oideachas Bunscoile agus Luath-Óige, an Roinn Oideachais, an Roinn Staidéar Sóisialta Feidhmeach, agus an Oifig Iontrála an clár i gcomhar.

Trína chlár nuálach agus ardcháilíochta bonnteastais (Smaoinigh ar an Múinteoireacht) agus an clár for-rochtana scoile agus FGL dhá bhliain (Múinteoirí ag Éirí Ceannairí ag Éirí), tá na céadta rannphháirtí tar éis spéis a chur sa tionscadal.



Tá ochtar is fiche ar a laghad de rannpháirtithe an tionscadail cláraithe faoi láthair ar chláir éagsúla um Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí (OTM) ag leibhéal fochéime agus iarchéime san Ollscoil agus in institiúidí ardoideachais eile agus tá seacht rannpháirtí tionscadail is fiche cláraithe ar chláir fhochéime faoi láthair agus tairgfear tacaíochtaí dóibh chun iarratas a dhéanamh ar chúrsaí teagaisc iarchéime de réir mar a théann siad ar aghaidh. Insíonn na huimhreacha taobh amháin den scéal ratha. Mar sin féin, léiríodh go soiléir sa mheastóireacht cháilíochtúil ar an tionscadal ar gach ceann dá ghníomhaíochtaí éagsúla an tionchar domhain agus as cuimse a bhí aige ar shaol na rannpháirtithe, ar a bhféiniúlacht agus ar fhorbairt a gcuid muiníne chun bealach gairmiúil a shaothrú:

> *“Bhraith mé, tar éis an cúrsa TTT a chríochnú go mbeinn chomh maith le haon duine eile ar an gcúrsa [ITE] agus braithim muiníneach go ndéanfaidh mé múinteoir maith.”*
>
> Mac Léinn Bonnchúrsa

De réir mar a théann an tionscadal ar aghaidh go dtí an dara céim, féachfaidh sé le hobair cheannródaíoch chéim a haon a leabú i struchtúir agus i gcleachtais obair na gcomhpháirtithe laistigh agus ar fud na hOllscoile, na scoileanna, na n-ionad Breisoideachais, eagraíochtaí pobail, pobail agus sa tsochaí i gcoitinne.

### COSÁN 3 - College Connect – Cur Chuige Réigiúnach i Leith Rannpháirtíocht a Leathnú



Foireann Taighde Piaraí ag Seoladh oifigiúil College Connect, agus saothar ealaíne leis an mball foirne Jimmy Leonard.

Is tionscadal taighde gníomhaíochta é College Connect a mhaoinítear faoi HEA COSÁN 3 le hOllscoil Mhá Nuad, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain agus Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan a bhfuil sé mar aidhm aige tacú le rochtain ar ardoideachas do ghrúpaí imeallaithe (lena n-áirítear Taistealaithe, daoine faoi mhíchumas, daoine sa chóras tearmainn, dídeanaithe, daoine le ciontuithe coiriúla) i réigiún Lár na Tíre, an Oirthir, Baile Átha Cliath Thuaidh (MEND).

Seoladh an tionscadal go foirmiúil ag ócáid sa Rotunda i mí na Samhna 2019 agus bronnadh €2.1 milliún de mhaoiniú COSÁN 3 AIR in 2018/19, an méid maoinithe is mó a bronnadh go náisiúnta.

Tá an tionscadal faoi stiúir MAP, mar a bhfuil bainisteoir an tionscadail, an taighdeoir, an t-oifigeach cumarsáide, an teagmhálaí pobail agus an cúntóir feidhmiúcháin ag obair. Tá triúr ball eile den fhoireann ag obair in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain, Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Faigheann an tionscadal tacaíocht ó Ghrúpa Stiúrtha Réigiúnach a dhéanann urraíocht ar an obair. Baineann na baill le Fóram Náisiúnta do Thaistealaithe Mná, Ionad Pathways do Phríosúnaigh agus d’Iar-Phríosúnaigh, Tuismitheoir Amháin, dis ABILITY Louth agus Comhairle Dídeanaithe na hÉireann in éineacht le hionadaithe HEI.



Comhpháirtithe ag Seoladh College Connect

Tá an tionscadal fréamhaithe go láidir i bprionsabail agus i gcleachtas forbartha pobail, agus tá líonra saibhir caidrimh á fhorbairt lena linn leis na céadta eagraíochtaí agus grúpaí pobail réigiúnacha chun na bealaí chuig agus tríd an ardoideachas a shoilsiú. Tá cláir, acmhainní agus imeachtaí nuálacha agus saincheaptha á bhforbairt i gcomhar le pobail agus á gcur i bhfeidhm chun tacú le haidhmeanna an tionscadail. Tá snáithe mór meantóireachta ag an tionscadal, a ritheann i gcomhpháirtíocht le cláir agus tionscadail acadúla éagsúla (lena n-áirítear Cas ar an Múinteoireacht) ar fud na nInstitiúidí Ardoideachais rannpháirteacha.

Go dtí seo ghlac beagnach 400 duine óg agus 90 meantóir páirt i raon tionscnamh meantóireachta. Comhlánaítear obair College Connect le láithreacht láidir ar líne agus ar na meáin shóisialta (collegeconnect.ie agus ar twitter @MEND_CC) a sholáthraíonn faisnéis ábhartha, inrochtana agus tarraingteach ar chosáin, cláir agus tacaíochtaí do dhaoine a chuirtear ar fáil sna ceithre institiúid ardoideachais, ar an tionscadal agus ar an gcóras i gcoitinne.



# Gníomhaíochtaí agus Éachtaí

## Clár Rochtana Mhá Nuad ar lean




Meantóirí Piaraí ó IT Bhaile Átha Luaine ag freastal ar oiliúint meantóra 2 lá ar College Connect.

Tá scrúdú domhain á dhéanamh ar riachtanais áirithe na bpobal imeallaithe ar leith trí shraith 'Anailísí Riachtanas Pobail' (CNA). Baineann na CNAnna úsáid as modheolaíocht agus cur chuige taighde rannpháirteach chun rannpháirtíocht le pobail a mhéadú agus tuiscint a chur ar a dtaithí agus a riachtanais maidir le rochtain agus rath ardoideachais. Is é cuspóir an taighde riachtanais an phobail a aithint agus freagairt dóibh agus tacú le rannpháirtíocht an tionscadail agus HEInna sa spás pobail. Is comhpháirtíocht é an taighde leis na pobail a dhéanann treorú i bpáirt ar gach céim agus a bhíonn ina gcomh-údair ar gach aschur agus tuairisc.

Go dtí seo tá CNA píolótach foilsithe ag an tionscadal (collegeconnect.ie/community-needs-analysis-for-prisoner-and-former-prisoners/) ina ndírítear ar na tosca a spreagann agus a dhíspreagann rochtain ar ardoideachas do dhaoine a bhfuil ciontuithe coiriúla acu. Tá trí CNA eile le Pobal na dTaistealaithe, daoine sa chóras tearmainn agus dídeanaithe agus daoine a bhfuil dámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FET) acu agus atá ag cur isteach ar ardoideachas ag céimeanna éagsúla dá bhforbairt agus dá gcur i bhfeidhm.

Cuid ríthábhachtach de chur chuige straitéiseach an tionscadail chun tacú le rochtain ar ardoideachas is ea lorg rannpháirtíochta pobail an tionscadail a mhapáil agus 'baill fuara' a aithint chun aird a dhíriú. Ag obair leis an Réadlann Taighde Uile-Éireann in MU, déanann an Léarscáil Rannpháirtíochta Pobail &cl Painéal na nIonstraimí obair na foirne tionscadail sa phobal a mhapáil agus a rianú go geografach.

Tá sraitheanna sonraí seachtracha ar an léarscáil, mar shampla ó Innéacs Díothachta Pobal, ón bPríomh-Oifig Staidrimh agus ó Liosta Scoileanna Fothaithe an Irish Times. Tá sé beartaithe go bhfeidhmeoidh an léarscáil mar acmhainn do phobail, ag cur lena gcumas áiseanna agus acmhainní a aimsiú ina gceantar féin, chomh maith le comhéadan a sholáthar le foireann an tionscadail trínar féidir leo rannpháirtíocht, obair leantach nó tacaíocht a iarraidh. Déantar rannpháirtíocht pobail College Connect a logáil trí fheidhmchlár atá íoslódáilte ag an bhfoireann chuig a gcuid fón. Fothaíonn na sonraí a bhailítear isteach i bpainéal bainistíochta tionscadail, trínar féidir leis an bhfoireann monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus réimsí fócais a aithint. Beidh leagan poiblí den mhapa ar fáil ar shuíomh Gréasáin College Connect in Earrach 2021.



Léarscáil Rannpháirtíochta Pobail

### PATH 2 – Scéim Sparánachta 1916

Gníomhaíonn College Connect mar fheithicil chun tacú le cur i bhfeidhm Scéim Sparánachta PATH 2 1916. Is é aidhm an mhaoinithe seo rannpháirtíocht agus rath mac léinn a spreagadh ó chodanna den tsochaí a bhfuil gannionadaíocht shuntasach acu san ardoideachas. Bronnadh 40 sparánacht ar chuibhreannas MEND (as 200 atá ar fáil go náisiúnta), ar fiú € 1.2m iad san iomlán. Tá 10 sparánacht nua leithdháilte gach bliain le trí bliana anuas ag MAP, arbh fhiú € 320,000 iad san iomlán. Oibríonn foireann Connect College i gcomhpháirtíocht le gach ceann de na HEInna rannpháirteacha (Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan agus Ollscoil Mhá Nuad) chun an scéim a chur chun cinn i measc an phobail agus chun tacú le daoine aonair chun iarratais a dhéanamh. Cuidíonn an fhoireann freisin le riar an phróisis iarratais agus mheasúnaithe, a bhainistíonn na ceithre institiúid ardoideachais i gcomhpháirt. Beidh Scéim Sparánachta 1916 ar fáil go dtí 2022.



## Comhpháirtíocht Phríosún Mhuinseo - Ollscoil Mhá Nuad

MJMU
Mountjoy Prison Campus & Maynooth University Partnership

Ireland's first prison-university partnership

Gheall Ollscoil Mhá Nuad inár bPlean Straitéiseach Ollscoile (2018–2022) tógáil ar ár dtaithí agus ar a bhfuil bainte go dtí seo againn maidir le tacú le rochtain, rannpháirtíocht agus rath do mhic léinn ó chúlraí éagsúla, leanúint lenár gclár reatha agus ár gcuid oibre a leathnú chun díriú ar ghrúpaí eile a bhfuil baic le sárú acu chun bheith rannpháirteach agus rathúil san ardoideachas. Tá ceannaireacht láidir léirithe ag MAP maidir le comhpháirtíochtaí a fhorbairt chun tacú leis na daoine is imeallaithe inár bpobail.

Léiríonn taighde idirnáisiúnta go mbaineann pobail phríosúin leas as teagmháil le hollscoileanna, agus a mhalairt. Sa Ríocht Aontaithe mar shampla, gné choitianta iad comhpháirtíochtaí príosúin-ollscoile, a sholáthraíonn deiseanna oideachais breise do phríosúnaigh agus a éascaíonn rochtain ar ardoideachas. Tacaíonn na cineálacha socruithe seo leis na heagraíochtaí comhpháirtíochta chun a gcuid misin a sheachadadh agus an tairiscint oideachais do dhaoine atá i bpríosún agus do dhaoine ar scaoileadh saor iad. Tá cuntas teiste láidir ag Ollscoil Mhá Nuad ó thaobh teagmháil a dhéanamh le príosúnaigh agus iarphríosúnaigh agus tacú le hathchóiriú an chórais choiriúil. Tá mórchuid taithí ag roinnt ranna in MU, lena n-áirítear Staidéar Sóisialta Feidhmeach, Oideachas, Dlí agus Oideachas Aosach agus Pobail, ar dhul i mbun oibre leis an gcóras ceartais choiriúil agus laistigh de. Chuir an traidisiún seo le cinneadh na hOllscoile 'príosúnaigh agus iarphríosúnaigh' a aithint mar ghrúpa faoi ghannionadaíocht inár bpobal mac léinn sa phlean straitéiseach is déanaí.

In 2019, tháinig Clár Rochtana Ollscoil Mhá Nuad agus Príosún Mhuinseo le chéile chun iarratas a dhéanamh ar Chiste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí 2019 chun an chéad chomhpháirtíocht príosúin-ollscoile in Éirinn a bhunú. D'éirigh leis an iarratas, agus fuarthas dámhachtain de € 20,000. Is é aidhm Chomhpháirtíocht Phríosún Mhuinseo - Ollscoil Mhá Nuad (MJMU) leas a bhaint as cumhacht chlaochlaitheach an oideachais chun éagsúlacht phobal na mac léinn tríú leibhéal a mhéadú agus tacú le hathimeascadh príosúnach agus iarphríosúnach isteach inár sochaí. Tógann an chomhpháirtíocht ar an sár-obair atá ar siúl cheana féin idir an Ollscoil agus Príosún Mhuinseo agus soláthróidh sí treoir straitéiseach agus tacaíocht do raon gníomhaíochtaí nua, a bhfuil cuid díobh leagtha amach thíos. Tá obair na comhpháirtíochta faoi threoir Ghrúpa Stiúrtha, comhdhéanta de bhaill ón dá eagraíocht.



An Dr. Gemma Irvine; Shaen Delaney, Taighdeoir Piara, Anailís ar Riachtanais an Phobail, College Connect; Niall Walsh, Bainisteoir an Lárionaid Pathways CDETB; Mark Byrne, Príomhoifigeach IPS, Aonad Forchéimnithe Phríosún Mhuinseo; Grace Edge, Bainisteoir Rochtana i gClár Rochtana Ollscoil Mhá Nuad.

Ar an 2 Deireadh Fómhair 2019 mar chuid den chéim forbartha comhpháirtíochta, chuir an Dr Gemma Irvine agus Grace Edge fáilte fhoirmiúil roimh naonúr ball foirne ó Phríosún Mhuinseo, lena n-áirítear gobharnóirí, oifigigh phríosúin, foireann teagaisc agus foireann treorach oideachais. D'éist grúpa iomlán de 33 le cur i láthair ó mhac léinn reatha i Má Nuad a bhí i bpríosún agus rinne siad turas timpeall na hOllscoile faoi stiúir mac léinn.

Ar 23 Deireadh Fómhair 2019, tháinig grúpa fiche ionadaí as an dá eagraíocht le chéile chun plé a dhéanamh ar an gcuma a bheadh ar an gcomhpháirtíocht. I measc fhoireann Phríosún Mhuinseo bhí an Gobharnóir Eddie Mullins agus an Leas-Ghobharnóir Donnacha Walsh chomh maith le go leor ball foirne teagaisc ón Aonad Dul Chun Cinn gus ón bPríosún. Áiríodh ar ghrúpa Ollscoil Mhá Nuad an tUachtarán Philip Nolan agus raon ball foirne sinsearaí dáimhe agus rochtana. De bhrí go rabhthas as an láthair i bPríosún Mhuinseo d'fhéadfaí guthanna na bpríosúnach ionadach a chur san áireamh agus bhí mac léinn/príosúnach i láthair, leis.



Cruinniú idir Príosún Mhuinseo agus Ollscoil Mhá Nuad



# Clár Rochtana Mhá Nuad ar lean

## Gníomhaíocht Comhpháirtíochta MJMU 2019/20

> **An Tionscadal Malartaithe Scéalta**

Is tionscnamh comhoibritheach é An Tionscadal Malartaithe Scéalta idir Aonad Dul Chun Cinn Príosún Mhuinseo, Clár Rochtana Ollscoil Mhá Nuad agus Gaisce – Gradam an Uachtaráin.

Mhair an tionscadal ó Mheán Fómhair 2019 - Márta 2020 agus thug sé daoine óga a bhí i bpríosún in Aonad Dul Chun Cinn Phríosún Mhuinseo agus mic léinn MU le chéile chun dul i mbun foghlama le chéile i dtréimhse 13 seachtaine. Tá mic léinn MU mar chuid de Chlár Ambasadóir MAP, tionscnamh deonach a chuireann cothroime rochtana ar an Ollscoil chun cinn. Cuid den Tionscadal Malartaithe Scéalta ab ea comhoibriú mar fhoireann ar aschur cruthaitheach chun an tionscadal a léiriú (féach an nasc thíos), agus roghnaíodh beochan a dhéanamh an uair seo. Tá an bheochan ar fáil anseo: **www.youtu.be/JYMTg5mY1ig.**

D'úsáid an Malartú Scéalta creat Ghradam Gaisce, agus bhí na rannpháirtithe go léir in ann an tionscadal a úsáid chun Gradam Gaisce a fháil. Ba í Sarah Meaney (Bainisteoir Taighde, Tionscadal Connect College & an Roinn Oideachais Aosach agus Pobail) a rinne an tionscadal a mheas. Beidh cóip den tuarascáil ar fáil ó shuíomh Gréasáin Chlár Rochtana MU go gairid agus seolfar go foirmiúil é i bhFómhar 2020.




An Tionscadal Malartaithe Scéalta

> **Sraith léachtaí Mhuinseo**

Uaireanta is féidir leo siúd atá ag dul isteach san ardoideachas ó chúlraí faoi ghannionadaíocht, lena n-áirítear daoine le ciontuithe, a bhrath go bhfuil siad á ndíriú ar dhisciplíní agus ar ghairmeacha áirithe – an tsocheolaíocht, obair shóisialta, seirbhísí andúile.

Gheall Comhpháirtíocht MJMU sraith léachtaí a reáchtáil i bPríosún Mhuinseo chun raon níos leithne d'eispéiris acadúla a chur ar a súile do phríosúnaigh. Seoladh an tsraith léachtaí i mí Feabhra 2020 agus ba é an Dr Conor Murphy (An Roinn Tíreolaíochta) a thug an chéad léacht ar an athrú aeráide. D'fhreastail níos mó ná 40 príosúnach ar an léacht, a tionóladh san Aonad Dul Chun Cinn, agus glacadh go maith léi. B'éigean an chéad cheann de shé léacht pleanáilte a chur siar, ar an drochuair, de bharr shrianta COVID-19. Tá pleananna ar bun chun an tsraith léachtaí a chur ar fáil sa bhliain acadúil atá le teacht ar shlí a chomhlíonann treoirlínte COVID-19.



Claire O'Connell Comhairliúchán/Rochtain BOO Phríosún Mhuinseo; Mary O'Reilly, Leasphríomhoide BOO Phríosún Mhuinseo, Orla O'Reilly, Múinteoir BOO Phríosún Mhuinseo; Margaret Joyce, Príomhoide, Príosún Mhuinseo le Mark Byrne, Príomhoifigeach IPS, Aonad Forchéimnithe Phríosún Mhuinseo agus Ambasadóirí MAP ar thuras de champas OMN.

> Is tionscadal nua é Tionscadal Díghlasáil na Lánacmhainneachta atá faoi stiúir Chlár Rochtana Ollscoil Mhá Nuad agus Roinn Dlí MU i gcomhar le Mi:Lab - Saotharlann Nuálaíochta MU, Seirbhís Príosúin na hÉireann, Seirbhís Promhaidh na hÉireann, Ionad Pathways do Phríosúnaigh agus d'Iar-Phríosúnaigh agus Iontaobhas na hÉireann um Athchóiriú an Chórais Choiriúil.

Is é aidhm an tionscadal díriú ar bhacainní ar rochtain ardoideachais do phríosúnaigh agus d'iarphríosúnaigh, lena n-áirítear oibriú polasaithe iontrála a dhíspreagann daoine le ciontuithe ó iarratais a dhéanamh, cé nach d'aonturas a dhéantar é sin. Is tionscadal beartais taighde é Unlocking Potential/An Lánacmhainneacht a Dhíghlasáil a bhfuil sé d'aidhm aige 'foireann uirlisí córa iontrála' a chur i dtoll a chéile chun athfhorbairt polasaithe den sórt sin a threorú agus cur chuige coiteann a chothú i leith daoine a bhfuil ciontuithe acu a ligean isteach i ngach cuid den earnáil ardoideachais. Fuair an tionscadal €25,000 ó Chiste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí 2020 chun tacú lena chuid oibre.



Mark Byrne, Príomhoifigeach IPS, Aonad Forchéimnithe Phríosún Mhuinseo leis an Ollamh Maurice Devlin, Cathaoir Jean Monnet, Roinn Staidéar Sóisialta Feidhmeach, OMN.



## Taistealaithe agus Romaigh



Michael agus Nell McDonagh in éineacht le Mic Léinn agus Foireann MU ag Launchpad

Tá tiomantas láidir ag MU i leith rannpháirtíocht in Ollscoil Mhá Nuad a mhéadú i measc mac léinn Taistealaithe agus Romacha. In 2019/20 reáchtáil MAP ceiliúradh bliana ar Thaistealaithe agus ar eitneachas Taistealaithe ag an Ollscoil. Cuireadh tús leis an gceiliúradh le taispeántas staire beo agus léacht phoiblí agus chríochnaigh sé le comhimeacht idir Comhairle Contae Chill Dara agus Grúpa Gníomhaíochta Taistealaithe Chill Dara chun Lá Idirnáisiúnta na mBan a cheiliúradh. Chruinnigh níos mó ná 60 Taistealaí mná chun mná agus tábhacht an oideachais a cheiliúradh agus chun foghlaim faoi na tacaíochtaí atá ar fáil do Thaistealaithe ar fud na tíre chun rochtain a fháil ar oideachas.

Mar ghníomh comhair d'óstáil MAP sraith Whidden Workshops/Ceardlann Ceilte – comhráite fíorúla idir mic léinn reatha agus ionchasacha Taistealaithe agus Romach agus a dteaghlaigh chun cabhrú leo ciall a bhaint as na cosáin isteach san ardoideachas agus tacú le haistriú Taistealaithe agus Romach isteach san oideachas tríú leibhéal. I mí an Mheithimh 2020, rinne an Stiúrthóir Rochtana ionadaíocht d'earnáil na hOllscoile ag fóram náisiúnta arna eagrú ag Ionad Pavee do Thaistealaithe agus do Romaigh agus ag an Fhóram Náisiúnta do Thaistealaithe Mná, mar fhreagairt ar údair imní phráinneacha faoi COVID-19 a léirigh mic léinn Taistealaithe agus Romach agus tuismitheoirí agus daoine fásta a bhí ag súil le dul isteach in oideachas tríú leibhéal nó leanúint ar aghaidh leis i Meán Fómhair 2020. Chomhordaigh Ollscoil Mhá Nuad freagairt náisiúnta ar fud na hearnála ar na saincheisteanna a tarraingíodh anuas san fhóram seo.

Cuireann Ollscoil Mhá Nuad raon bonnchúrsaí réamh-ollscoile ar fáil a sholáthraíonn bealach do mhic léinn atá faoi ghannionadaíocht san ardoideachas chun dul ar aghaidh chuig cláir shonracha Leibhéal 8. In 2019, i gcur chuige nuálach, chuaigh Roinn Staidéar Sóisialta Feidhmeach Ollscoil Mhá Nuad isteach i gcomhpháirtíocht le MAP, Aonad Sláinte Thaistealaithe Réigiún an Oirthir agus Ionad Pavee do Thaistealaithe agus do Romaigh, agus le tacaíocht ón Roinn Oideachais Aosaigh agus Pobail, thug siad deimhniú Leibhéal 5 Filleadh ar an bhFoghlaim do chohórt d'aon duine dhéag d'Oibrithe Sláinte Pobail do Thaistealaithe a bhfuil bealaí dul chun cinn acu chuig Baitsiléir Eolaíochta Sóisialta Páirtaimseartha Leibhéal 8 (Onór.) in Obair don Phobal agus don Ógra, clár atá formhuinithe go gairmiúil san Obair don Phobal (AIEB) agus san Obair don Ógra (NSETS). In ainneoin na ndúshlán suntasach, tá an t-aon rannpháirtí déag ar an mbóthar chun an cúrsa a chríochnú go rathúil i Meán Fómhair 2020 agus rinne naonúr as an aon rannpháirtí déag iarratas agus d'éirigh leo áiteanna a fháil ar Bhaitsiléir Eolaíochta Sóisialta Páirtaimseartha Leibhéal 8 (Onór.) in Obair Pobail agus Óige.




Bronntanas ón ngabha stáin Tom McDonnell.



# Aguisín 1: Próifíl Foirne

## Seo thíos próifíl d’fhoireann Ollscoil Mhá Nuad de réir inscne, aoise, míchumais, agus náisiúntachta bunaithe orthu siúd a bhí fostaithe ag deireadh mhí na Nollag 2019 nó ar an 31 Bealtaine 2020.

De réir mar a mhéadóimid ár dtuairisciú ar staitisticí EDI, déanfaimid an fráma ama anailíse a ailíniú le frámaí ama sonraí institiúideacha eile, is é sin an 31 Nollaig gach bliain. Sa todhchaí beidh orainn tuairisciú ar chine/eitneachas i dteannta tuairisciú éigeantach a dhéanamh i gcónaí ar inscne agus míchumas.


### De réir Inscne

**Tábla 1 – Iomlán na Foirne (gach foinse maoinithe) de réir inscne amhail ar an 31 Nollaig 2019**

| Baineann | | Fireann | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Líon | % | Líon | % | Líon |
| 695 | 58% | 507 | 42% | 1,202 |

### De réir Aoise

**Figiúr 5 – Foireann de réir aoise agus catagóir foirne amhail ar an 31 Bealtaine 2020**




**Tábla 2 – Foireann de réir aoise agus catagóir foirne amhail ar an 31 Bealtaine 2020**

| Aois | Acadúil | | Riaracháin, Teicniúil, Gairmiúil (ATP) | | Taighde | | Iomlána | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon | % | Líon | % | Líon | % | Líon | % |
| **18-24** | <5 | 0% | <5 | 1% | 7 | 5% | **12** | 1% |
| **25-34** | 48 | 9% | 65 | 12% | 52 | 41% | **165** | 14% |
| **35-44** | 170 | 33% | 156 | 29% | 43 | 34% | **369** | 31% |
| **45-54** | 188 | 36% | 192 | 36% | 17 | 13% | **397** | 34% |
| **55-64** | 107 | 21% | 113 | 21% | 9 | 7% | **229** | 19% |
| **65+** | 5 | 1% | 7 | 1% | 0 | 0% | **12** | 1% |
| **Iomlána** | **519** | 100% | **537** | 100% | **128** | 100% | **1184** | 100% |





## De réir míchumais

Ceanglaíonn an tAcht um Míchumas 2005 ar chomhlachtaí poiblí fostaíocht daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú leo agus sprioc de 3% d'fhoireann faoi mhíchumas a bhaint amach.

Thuairiscigh MU don Údarás um Ardoideachas maidir le 2019 gur nocht 4.9% den fhoireann míchumais.

## De réir Náisiúntachta

**Figiúr 6 – Foireann de réir náisiúntachta amhail ar an 31 Bealtaine 2020**




**Tábla 3 – Foireann de réir náisiúntachta agus de réir chatagóir foirne**

| Náisiúntacht | Acadúil | | ATP | | Taighde | | Iomlána | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon | % | Líon | % | Líon | % | Líon | % |
| EU/EEA | 106 | 22% | 32 | 6% | 32 | 25% | **170** | **15%** |
| Non/EU/EEA | 43 | 9% | 10 | 2% | 29 | 23% | **82** | **7%** |
| Éireannaigh | 337 | 69% | 474 | 92% | 65 | 52% | **876** | **78%** |
| Fo-iomlána | **486** | 100% | **516** | 100% | **126** | 100% | **1,128** | **100%** |
| Níor nocht siad | 33 | | 21 | | 2 | | **56** | |
| Iomlána | **519** | | **537** | | **128** | | **1,184** | |


# Aguisín 2:
# Próifíl Mic Léinn



**Seo thíos próifíl de mhic léinn Ollscoil Mhá Nuad de réir inscne, aoise, míchumais, agus tíre sainchónaithe/eitneachais. De réir mar a mhéadóimid ár dtuairisciú ar staitisticí EDI, déanfaimid fráma ama na hanailíse a ailíniú le frámaí ama institiúideacha sonraí eile.**

## De réir Inscne

Figiúr 7 – Mic léinn de réir inscne amhail ar an 31 Márta 2019





Tábla 4 – Líon na mac léinn de réir inscne agus leibhéal céime 2019[13]

| | Fireann | | Baineann | | Neamhdhénárthach | | B'fhearr gan a rá | | Móriomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon | % | Líon | % | Líon | % | Líon | % | Líon |
| Iarchéimithe | | 48.3% | | 51.6% | | 0.1% | | 0.0% | **1,311** |
| Fochéimithe | | 43.8% | | 56.1% | | 0.1% | | 0.0% | **9,855** |
| **Iomlán** | 4,947 | 44.3% | 6,203 | 55.6% | 14 | 0.1% | 2 | 0.0% | **11,166** |

## De réir Aoise

Figiúr 8 - Mic léinn de réir aoise amhail ar an 31 Márta 2019




Tábla 5 – Líon na mac léinn de réir aoise agus leibhéal céime amhail ar an 31 Márta 2019

| Aois | Iarchéimithe | | Fochéimithe | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon | % | Líon | % | Líon | % |
| 17 | 0 | 0% | 100 | 1% | 100 | 1% |
| 18 | 0 | 0% | 970 | 10% | 970 | 9% |
| 19 | 0 | 0% | 2,338 | 24% | 2,338 | 21% |
| 20 | 13 | 1% | 2,441 | 25% | 2,454 | 22% |
| 21 | 72 | 5% | 1,915 | 19% | 1,987 | 18% |
| 22 | 190 | 14% | 977 | 10% | 1,167 | 10% |
| 23 | 181 | 14% | 306 | 3% | 487 | 4% |
| 24 | 130 | 10% | 135 | 1% | 265 | 2% |
| 25-29 | 297 | 23% | 320 | 3% | 617 | 6% |
| 30+ | 428 | 33% | 353 | 4% | 781 | 7% |
| **Iomlán** | **1,311** | **100%** | **9,855** | **100%** | **11,166** | **100%** |

[13] Mar gheall ar líon beag daoine neamh-dhénártha, ní thugtar ach céatadáin cé go dtugtar iomlán gach inscne




## De réir Míchumais

Tábla 6 – Mic léinn faoi mhíchumas a bhí cláraithe leis an Oifig Rochtana agus mic léinn breise a chuaigh isteach trí DARE


| | |
|---|---|
| Líon na mac léinn faoi mhíchumas a bhí cláraithe leis an Oifig Rochtana in 2019/2020 | 437 |
| Líon na mac léinn breise a chuaigh isteach in Ollscoil Mhá Nuad trí DARE | 319 |

Foinse. Sonraí a bhailigh MAP, Bealtaine 2020

## De réir Thír Chónaithe

Is é do shainchónaí an tír ina bhfuil cónaí ort agus intinn agat cur faoi go buan ann. Ní gá gurb ionann í agus do thír chónaithe nó do náisiúntacht.

Figiúr 9 – Mic léinn de réir tír shainchónaí amhail ar an 31 Márta 2019




Tábla 7 – Mic léinn de réir tír shainchónaí amhail ar an 31 Márta 2019

| | AE agus ÉIRE san áireamh | | ÉIRE | | AE/LEE | | Neamh-AE | | Móriomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon | % | Líon | % | Líon | % | Líon | % | Líon |
| PG Iomlán | 1,116 | 85% | 1,059 | 81% | 57 | 4% | 195 | 15% | 1,311 |
| UG Iomlán | 9,435 | 96% | 8,983 | 91% | 452 | 5% | 420 | 4% | 9,855 |
| **Móriomlán** | **10,551** | **94%** | **10,042** | **90%** | **509** | **5%** | **615** | **6%** | **11,166** |

Tá os cionn 1,000 mac léinn idirnáisiúnta ó bhreis ag 60 tír in Ollscoil Mhá Nuad[14]. I measc na dtíortha as a dtagann mic léinn MU (mic léinn nua agus leanúnacha, mic léinn AE agus neamh-AE) tá:

- Na Stáit Aontaithe
- An Ghearmáin
- An Fhrainc
- An tSín
- An India
- An Spáinn

## De réir Eitneachta[15]

Bailítear bunús eitneach mac léinn tríd an Suirbhé ar Rochtain Chomhionann. Suirbhé deonach é seo a n-iarrtar ar fhochéimithe lánaimseartha agus páirtaimseartha na chéad bhliana é a líonadh isteach.

Tábla 8 – Líon na mac léinn chéad bhliana de réir bunús eitneach

| | Grúpa Eitneach[16] | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Aois | Éireannach | Taistealaí Éireannach[17] | Aon chúlra geal eile | Afracach | Aon chúlra gorm eile | Síneach | Aon chúlra Áiseach eile | Eile | Níor nocht siad |
| 16/17 | 71.1% | 0.0% | 4.8% | 2.3% | 0.1% | 0.1% | 1.6% | 1.1% | 18.8% |
| 17/18 | 71.4% | 0.0% | 5.2% | 2.4% | 0.2% | 0.4% | 1.5% | 1.9% | 17.0% |
| 18/19 | 83.3% | 0.3% | 6.9% | 3.6% | 0.2% | 0.4% | 2.0% | 2.7% | 0.6% |
| 19/20 | 81.2% | 0.1% | 8.0% | 4.6% | 0.3% | 0.3% | 2.5% | 2.9% | 0.2% |

[14] Tuairisceán MU do chóras taifead mac léinn an HEA i mí an Mhárta 2019, Tír Sainchónaithe
[15] Sonraí a bailíodh tríd an Suirbhé Comhionannais Rochtana i Meán Fómhair 2019
[16] Sonraí a bailíodh tríd an Suirbhé Comhionannais Rochtana idir 2016 agus 2019. Tugtar céatadáin de bharr méid beag na dtacar sonraí
[17] Cé gur líon líon beag de Thaistealaithel na hÉireann an Suirbhé ar Chothroime Rochtana isteach óna bhfaighimid na sonraí seo dúinn, bhí 29 mac léinn Taistealaithe agus Romacha cláraithe le MAP i Seimeastar 2 de 2019/20


# Aguisín 3: Earcú agus Ardú Céime Foirne



Seo thíos próifíl d'earcaíocht agus d'ardú céime foirne de réir inscne, míchumais agus bunús eitneach amhail ar an 31 Nollaig 2019.

## Gach Iarratasóir (Foireann ATP, Foireann Taighde agus Acadóirí)

Figiúr 10 – Gach iarratasóir de réir inscne





Tábla 9 – Gach iarratasóir de réir inscne

| Inscne an Iarratasóra | Líon | % |
|---|---|---|
| Baineann | 2,389 | 45% |
| Fireann | 1,859 | 35% |
| Ní fios | 1,062 | 20% |
| Móriomlán | 5,310 | 100% |

## Iarratasóirí Acadúla de réir Inscne

Figiúr 11 – Líon na n-iarratasóirí acadúla de réir inscne





Tábla 10 – Iarratasóirí acadúla de réir inscne

| Inscne an Iarratasóra | Líon | % |
|---|---|---|
| Baineann | 473 | 23% |
| Fireann | 807 | 39% |
| Ní fios | 791 | 38% |
| Móriomlán | 2,071 | 100% |

## Iarratasóirí ATP de réir Inscne

Figiúr 12 – Iarratasóirí ATP de réir Inscne





Tábla 11 – Iarratasóirí ATP de réir Inscne

| Inscne an Iarratasóra | Líon | % |
|---|---|---|
| Baineann | 1,678 | 68% |
| Fireann | 733 | 30% |
| Ní fios | 60 | 2% |
| Móriomlán | 2,471 | 100% |

## Iarratasóirí Taighde de réir Inscne

Figiúr 13 – Iarratasóirí Taighde de réir Inscne




Tábla 12 – Iarratasóirí Taighde de réir Inscne


| Inscne an Iarratasóra | Líon | % |
|---|---|---|
| Baineann | 238 | 31% |
| Fireann | 319 | 42% |
| Ní fios | 211 | 27% |
| Móriomlán | 768 | 100% |




## Próifíl Iarratasóra

Fuarthas iarratais ó shaoránaigh de chuid 49 tír ar a laghad. Nocht 1.34% d'iarratasóirí míchumas.

**Figiúr 14 – Iarratasóirí de bhunús eitneach seachas iad siúd a thug le fios gurbh fhearr leo gan aon rud a rá nó a d'fhág bán é**




**Tábla 13 – Iarratasóirí de réir bunús eitneach**

| Bunús Eitneach | % Bunús Eitneach |
|---|---|
| Geal-Éireannach | 16% |
| Geal | 8% |
| Áiseach | 5% |
| Geal - Aon chúlra eile | 1% |
| Aon chúlra eile | 1% |
| Áiseach-Síneach | 1% |
| Áiseach - Aon chúlra eile | 1% |
| Gorm-Afracach | 1% |
| Cúlra Measctha | 1% |
| Gorm | 0% |
| Gorm-Éireannach | 0% |
| Gorm - Aon chúlra eile | 0% |
| Geal-Taistealaí Éireannach | 0% |
| B'fhearr gan a rá | 1% |
| Ceist fágtha bán | 65% |

## Earcú agus Ardú Céime Foirne

**Tábla 14 – Sonraí faoi earcaíocht acadúil agus arduithe céime acadúla, 2019***

| | Earcaíocht Acadúil | | | | Ardé Céime Acadúil (Nár Glaodh) | | Iomlán na gCeapachán | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Grád | Baineann | | Fireann | | Baineann | Fireann | Baineann | | Fireann | |
| **Ollamh A** | | | | | | | | | | |
| Líon na nIarratasóirí | 39 | 44% | 49 | 56% | | | 39 | 44% | 49 | 56% |
| An líon ar éirigh leo | <5 | 100% | 0 | 0% | | | <5 | 100% | 0 | 0% |
| **Ollamh B** | | | | | | | | | | |
| Líon na nIarratasóirí | 0 | 0% | 0 | 0% | | | 0 | 0% | 0 | 0% |
| An líon ar éirigh leo | 0 | 0% | 0 | 0% | | | 0 | 0% | 0 | 0% |
| **Léachtóir Sinsearach** | | | | | | | | | | |
| Líon na nIarratasóirí | 22 | 34% | 43 | 66% | | | 22 | 34% | 43 | 66% |
| An líon ar éirigh leo | <5 | 50% | <5 | 50% | | | <5 | 50% | <5 | 50% |
| **Léachtóir** | | | | | | | | | | |
| Líon na nIarratasóirí | 505 | 33% | 1,041 | 67% | | | 505 | 33% | 1,041 | 67% |
| An líon ar éirigh leo | 28 | 68% | 13 | 32% | | | 28 | 68% | 13 | 32% |

*Ní áirítear sa tábla seo poist an Léachtóra Cúnta ná an Teagascóra Ollscoile

**Na príomhphointí le cur san áireamh:**

> Cuireadh ceisteanna EDI maidir le r-earcaíocht i ngníomh le linn 2019.

> Agus an babhta Arduithe Céime (2020) atá le teacht á fhorbairt, ceadaíodh tosca comhthéacsúla a áireamh, ag aithint nach i gcónaí a leanann gairmeacha acadúla bealach caighdeánach gan bhriseadh. Deirtear sa Scéim Arduithe Céime: *"Déanfaidh an Bord Arduithe Céime a dhícheall caitheamh go cothrom leis na hiarrthóirí sin a bhfuil conarthaí páirtaimseartha acu, agus le hiarrthóirí a ghlac tréimhsí saoire reachtúla. Sna cúinsí sin, i gcás ina sonraítear i gcritéar ardú céime méid nó cainníocht tagarmhairc, má dhéanann sé soláthar le haghaidh cóireáil níos cothroime féadfaidh an Bord Arduithe Céime an tagarmharc d'iarrthóir aonair a choigeartú… bunaithe ar bhreithiúnas acadúil an Bhoird Arduithe Céime ar an tionchar dóchúil ar tháirgiúlacht na dtréimhsí saoire… ní athrófar caighdeáin cháilíochta "*. Foráiltear leis an Scéim Arduithe Céime freisin go bhféadtar tréimhsí seirbhíse i róil riaracháin mar Cheann Roinne nó Déan a mheas mar thosca comhthéacsúla.

# Aguisín 4: Sonraí Comhionannais Inscne



## Struchtúir rialachais agus bainistíochta

Tábla 15 – Ballraíocht den Chomhlacht Rialaithe, den Chomhairle Acadúil agus den Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin de réir inscne

| | 2018 | | 2019 | |
|---|---|---|---|---|
| | Líon | % | Líon | % |
| **Ballraíocht den Bhord Rialaithe** | | | | |
| Baineann | 13 | 45% | 13 | 48% |
| Fireann | 16 | 55% | 14 | 52% |
| **Ballraíocht den Chomhairle Acadúil** | | | | |
| Baineann | 22 | 34% | 35 | 43% |
| Fireann | 43 | 66% | 46 | 57% |
| **An Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin** | | | | |
| Baineann | 4 | 31% | 4 | 31% |
| Fireann | 9 | 69% | 9 | 69% |

## Próifíl den Fhoireann Acadúil de réir Inscne[18]

Tábla 16 – Próifíl den fhoireann acadúil/de na mic léinn de réir inscne

| | Academic Staff/Students | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | Baineann | | Fireann | | Total |
| | Líon | % | Líon | % | Líon |
| **Ollamh (Ollamh A Ollscoil Mhá Nuad)** | 15 | 28% | 38 | 72% | 53 |
| **Ollamh Cúnta (Ollamh B Ollscoil Mhá Nuad)** | 15 | 35% | 28 | 65% | 43 |
| **Léachtóir Sinsearach (Ollamh Cúnta Ollscoil Mhá Nuad)** | 31 | 36% | 54 | 64% | 84 |
| **Léachtóir (Ollamh Cúnta Ollscoil Mhá Nuad)** | 83 | 49% | 87 | 51% | 170 |
| **Iarchéimí** | 677 | 52% | 633 | 48% | 1,310 |
| **Fochéimithe** | 5,526 | 56% | 4,314 | 44% | 9,840 |
| **Iomlán** | 6,347 | 55% | 5,154 | 45% | 11,500 |

## Próifíl den fhoireann ATP de réir Inscne[19]

Tábla 17 – Próifíl den fhoireann ATP de réir inscne

| | Baineann | | Fireann | | Total |
|---|---|---|---|---|---|
| | Líon | % | Líon | % | Líon |
| **<45,999** | 64 | 76% | 20 | 24% | 84 |
| **€46,000-€75,999** | 123 | 72% | 48 | 28% | 171 |
| **€76,000-€105,999** | 25 | 52% | 23 | 48% | 48 |
| **€106,000<** | 9 | 53% | 8 | 47% | 17 |

[18] HEA, Croífhoireann Mhaoinithe amhail ag 31 Nollaig 2019
[19] Tuairisceán HEA, Croífhoireann Mhaoinithe amhail ag 31 Nollaig 2019



## Foireann de réir Chatagóir an Phoist amhail ar an 31 Nollaig 2019

### Tábla 18 – Foireann de réir chatagóir an phoist agus inscne

| | Foireann | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Baineann | | Fireann | |
| | Líon | % | Líon | % |
| **Iomlán** | 695 | 58% | 507 | 42% |
| Foireann Acadúil Croí-mhaoinithe | 149 | 42% | 210 | 58% |
| Foireann Riaracháin, Theicniúil agus Ghairmiúil Croí-mhaoinithe | 221 | 69% | 99 | 31% |
| Foireann Acadúil Taighde/Speisialtóra (Maoinithe) | 120 | 50% | 122 | 50% |
| Foireann Riaracháin, Theicniúil agus Ghairmiúil (Maoinithe) | 205 | 73% | 76 | 27% |

### Tábla 19 – Foireann croí-mhaoinithe de réir cineál conartha agus inscne

| | Foireann Croí-mhaoinithe[5] Noll-2019 | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Baineann | | Fireann | |
| | Líon | % | Líon | % |
| **Acadúil** | | | | |
| Buan lánaimseartha | 141 | 41% | 206 | 59% |
| Sealadach/conradh lánaimseartha | <5 | 60% | <5 | 40% |
| Buan páirtaimseartha | 5 | 83% | <5 | 17% |
| Sealadach/conradh páirtaimseartha | 0 | 0% | <5 | 100% |
| Líon Iomlán na nAcadóirí | **149** | **42%** | **210** | **58%** |
| **Riaracháin, Teicniúil agus Gairmiúil** | | | | |
| Buan lánaimseartha | 144 | 63% | 84 | 37% |
| Sealadach/conradh lánaimseartha | 5 | 45% | 6 | 55% |
| Buan páirtaimseartha | 72 | 90% | 8 | 10% |
| Sealadach/conradh páirtaimseartha | 0 | 0% | <5 | 100% |
| Iomlán na nGairmithe agus an Lucht Tacaíochta | **221** | **69%** | **99** | **31%** |
| **Iomlán na Foirne Croí-mhaoinithe** | **370** | **54%** | **309** | **46%** |

## Foireann de réir Disciplíne

### Tábla 20 – Croífhoireann mhaoinithe acadúil de réir dáimhe agus inscne

| | Acadúil Croí-mhaoinithe Noll-2019 | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Baineann | | Fireann | |
| | Líon | % | Líon | % |
| An Institiúid ar Fad | 149 | 42% | 210 | 58% |
| De réir Dáimhe: Ealaíona, Léann Ceilteach & Fealsúnacht | 42 | 49% | 43 | 51% |
| De réir Dáimhe: Eolaíocht & Innealtóireacht | 31 | 30% | 72 | 70% |
| De réir Dáimhe: Eolaíochtaí Sóisialta | 72 | 47% | 82 | 53% |

# Aguisín 4: Sonraí Comhionannais Inscne



## Foireann de réir Disciplíne

### Tábla 20 – Croífhoireann mhaoinithe acadúil de réir dáimhe agus inscne

| | Acadúil Croí-mhaoinithe Noll-2019 | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Baineann | | Fireann | |
| | Líon | % | Líon | % |
| An Institiúid ar Fad | 149 | 42% | 210 | 58% |
| De réir Dáimhe: Ealaíona, Léann Ceilteach & Fealsúnacht | 42 | 49% | 43 | 51% |
| De réir Dáimhe: Eolaíocht & Innealtóireacht | 31 | 30% | 72 | 70% |
| De réir Dáimhe: Eolaíochtaí Sóisialta | 72 | 47% | 82 | 53% |

### Tábla 21 – Foireann ATP croí-mhaoinithe de réir dáimhe agus inscne

| | Iomlán na Foirne ATP Croí-mhaoinithe | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Baineann | | Fireann | |
| | Líon | % | Líon | % |
| An Institiúid ar Fad | 221 | 69% | 99 | 31% |
| De réir Dáimhe: Ealaíona, Léann Ceilteach & Fealsúnacht | 20 | 91% | <5 | 9% |
| De réir Dáimhe: Eolaíocht & Innealtóireacht | 31 | 62% | 19 | 38% |
| De réir Dáimhe: Eolaíochtaí Sóisialta | 14 | 93% | <5 | 7% |

### Tábla 22 – Foireann acadúil taighde/speisialtóra de réir dáimhe agus inscne, Nollaig 2019

| | Foireann Acadúil Taighde/Speisialtóra (Maoinithe) Noll-2019 | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Baineann | | Fireann | |
| | Líon | % | Líon | % |
| An Institiúid ar Fad | 120 | 50% | 122 | 50% |
| De réir Dáimhe: Ealaíona, Léann Ceilteach & Fealsúnacht | 23 | 56% | 18 | 44% |
| De réir Dáimhe: Eolaíocht & Innealtóireacht | 29 | 43% | 38 | 57% |
| De réir Dáimhe: Eolaíochtaí Sóisialta | 52 | 58% | 37 | 42% |

### Tábla 23 – Foireann ATP (maoinithe) de réir dáimhe agus inscne

| | Foireann ATP (maoinithe) Noll-2019 | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Baineann | | Fireann | |
| | Líon | % | Líon | % |
| An Institiúid ar Fad | 205 | 73% | 76 | 27% |
| De réir Dáimhe: Ealaíona, Léann Ceilteach & Fealsúnacht | 11 | 69% | 5 | 31% |
| De réir Dáimhe: Eolaíocht & Innealtóireacht | 21 | 88% | <5 | 13% |
| De réir Dáimhe: Eolaíochtaí Sóisialta | 30 | 79% | 8 | 21% |

# Tábla na bhFigiúrÍ




| | | |
|---|---|---|
| **Figiúr 1** | Próifíl d'Fhoireann Acadúil/de Mhic Léinn MU de réir inscne i gcomparáid le próifíl náisiúnta sonraí ollscoile 2019 | 10 |
| **Figiúr 2** | Próifíl d'fhoireann Riaracháin, Theicniúil agus Ghairmiúil MU de réir inscne i gcomparáid le sonraí phróifíl náisiúnta na n-ollscoileanna 2019 | 10 |
| **Figiúr 3** | Líon na bhfreagróirí as mic léinn chéad bhliana de réir bunús eitneach (2019/20) | 13 |
| **Figiúr 4** | Céatadán na bhfreagróirí as mic léinn chéad bhliana de réir tionscnaimh eitnigh (agus catagóirí Éireannacha agus Níor nocht á dtaispeáint) | 14 |
| **Figiúr 5** | Foireann de réir aoise agus catagóir foirne amhail ar an 31 Bealtaine 2020 | 26 |
| **Figiúr 6** | Foireann de réir náisiúntachta amhail ar an 31 Bealtaine 2020 | 27 |
| **Figiúr 7** | Mic léinn de réir inscne amhail ar an 31 Márta 2019 | 28 |
| **Figiúr 8** | Mic léinn de réir aoise amhail ar an 31 Márta 2019 | 28 |
| **Figiúr 9** | Mic léinn de réir tír shainchónaí amhail ar an 31 Márta 2019 | 29 |
| **Figiúr 10** | Gach iarratasóir de réir inscne | 30 |
| **Figiúr 11** | Líon na n-iarratasóirí acadúla de réir inscne | 30 |
| **Figiúr 12** | Iarratasóirí ATP de réir Inscne | 30 |
| **Figiúr 13** | Iarratasóirí Taighde de réir Inscne | 30 |
| **Figiúr 14** | Iarratasóirí de bhunús eitneach seachas iad siúd a thug le fios gurbh fhearr leo gan aon rud a rá nó a d'fhág bán é | 31 |

| | | |
|---|---|---|
| **Tábla 1** | Iomlán na Foirne (gach foinse maoinithe) de réir inscne amhail ar an 31 Nollaig 2019 | 26 |
| **Tábla 2** | Foireann de réir aoise agus catagóir foirne amhail ar an 31 Bealtaine 2020 | 26 |
| **Tábla 3** | Foireann de réir náisiúntachta agus de réir chatagóir foirne | 27 |
| **Tábla 4** | Líon na mac léinn de réir inscne agus leibhéal céime | 28 |
| **Tábla 5** | Líon na mac léinn de réir aoise agus leibhéal céime amhail ar an 31 Márta 2019 | 28 |
| **Tábla 6** | Mic léinn faoi mhíchumas a bhí cláraithe leis an Oifig Rochtana agus mic léinn breise a chuaigh isteach trí DARE | 29 |
| **Tábla 7** | Mic léinn de réir tír shainchónaí amhail ar an 31 Márta 2019 | 29 |
| **Tábla 8** | Líon na mac léinn chéad bhliana de réir bunús eitneach | 29 |
| **Tábla 9** | Gach iarratasóir de réir inscne | 29 |
| **Tábla 10** | Iarratasóirí acadúla de réir inscne | 30 |
| **Tábla 11** | Iarratasóirí ATP de réir Inscne | 30 |
| **Tábla 12** | Iarratasóirí Taighde de réir Inscne | 30 |
| **Tábla 13** | Iarratasóirí de réir bunús eitneach | 31 |
| **Tábla 14** | Sonraí faoi earcaíocht acadúil agus arduithe céime acadúla, 2019 | 31 |
| **Tábla 15** | Ballraíocht den Chomhlacht Rialaithe, den Chomhairle Acadúil agus den Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin de réir inscne | 32 |
| **Tábla 16** | Próifíl den fhoireann acadúil/de na mic léinn de réir inscne | 32 |
| **Tábla 17** | Próifíl den fhoireann ATP de réir inscne | 32 |
| **Tábla 18** | Foireann de réir chatagóir an phoist agus inscne | 33 |
| **Tábla 19** | Foireann croí-mhaoinithe de réir cineál conartha agus inscne | 33 |
| **Tábla 20** | Croífhoireann mhaoinithe acadúil de réir dáimhe agus inscne | 34 |
| **Table 21** | Foireann ATP croí-mhaoinithe de réir dáimhe agus inscne | 34 |
| **Tábla 22** | Foireann acadúil taighde/speisialtóra de réir dáimhe agus inscne, Nollaig 2019 | 34 |
| **Tábla 23** | Foireann ATP (maoinithe) de réir dáimhe agus inscne | 34 |

# Liosta Giorrúchán



| | |
|---|---|
| **AIRO** | All-Island Research Observatory/Réadlann Taighde Uile-Oileáin |
| **ATP** | Administrative, Technical and Professional/Riaracháin, Teicniúil agus Gairmiúil |
| **CNA** | Community Needs Analysis/Anailís ar Riachtanais Pobail |
| **COVID-19** | Coronavirus disease 2019/Galar an Choróinvíris 2019 |
| **DARE** | Disability Access Route to Education/Bealach Rochtana Míchumais ar Oideachas |
| **DES** | Department of Education and Skills/An Roinn Oideachais agus Scileanna |
| **EAS** | Equal Access Survey/Suirbhé ar Chothroime Rochtana |
| **EDI** | Equality, diversity, inclusion and interculturalism/Comhionannas, éagsúlacht, ionchuimsitheacht agus idirchultúrachas |
| **EEA** | European Economic Area/Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa |
| **ERAC SWG GRI** | European Research Area Committee, Standing Working Group, on Gender in Research and Innovation/Coiste Réimse Taighde Eorpach, Buan-Ghrúpa Oibre, ar Inscne i dTaighde agus Nuálaíocht |
| **EU** | European Union/An tAontas Eorpach |
| **F** | Female/Baineann |
| **FACSP** | Faculty of Arts, Celtic Studies, and Philosophy/Dámh na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh, agus na Fealsúnachta |
| **FAQs** | Frequency Asked Questions/Ceisteanna Coitianta |
| **FSE** | Faculty of Science and Engineering/Dámh na hEolaíochta agus na hInnealtóireachta |
| **FSS** | Faculty of Social Sciences/Dámh na nEolaíochtaí Sóisialta |
| **FET** | Further Education and Training/Breisoideachas agus Oiliúint |
| **GESG** | Gender Equality Steering Group/Grúpa Stiúrtha Comhionannais Inscne |
| **HEA** | Higher Education Authority/An tÚdarás um Ardoideachas |
| **HEAR** | Higher Education Access Route/Bealach Rochtana Ardoideachais |
| **HEIs** | Higher Education Institutions/Institiúidí Ardoideachais |
| **HR** | Human Resources/Acmhainní Daonna |
| **IHREC** | Irish Human Rights and Equality Commission/Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas |
| **IT** | Information Technology/Teicneolaíocht Faisnéise |
| **ITE** | Initial Teacher Education/Oideachas Tosaigh Múinteoirí |
| **IUA** | Irish Universities Association/Cumann Ollscoileanna na hÉireann |
| **LGBTQIA+** | Lesbian, Gay, Bisexual, Transgender, Queer, Questioning, Intersex, Asexual and Aromantic community/Pobal Leispiach, Aerach, Déghnéasach, Trasinscneach, Aiteach, Ceisteach, Idirghnéis, Éighnéasach agus Éarómánsúil |
| **M** | Male/Fireann |
| **MAP** | Maynooth Access Programm/Clár Rochtana Mhá Nuad |
| **MEND** | Midlands, East, North Dublin/Lár na Tíre, An tOirthear, Baile Átha Cliath Thuaidh |
| **Mi:Lab** | Maynooth University Innovation Lab/Saotharlann Nuálaíochta Ollscoil Mhá Nuad |
| **MJMU** | Mountjoy Prison-Maynooth University/Príosún Mhuinseo-Ollscoil Mhá Nuad |
| **MSc** | Master of Science/Máistir le hEolaíocht |
| **MSU** | Maynooth Students Union/Aontas Mac Léinn Mhá Nuad |
| **MU** | Maynooth University/Ollscoil Mhá Nuad |
| **MUSSI** | Maynooth University Social Sciences Institute/Institiúid Eolaíochtaí Sóisialta Ollscol Mhá Nuad |
| **NGO** | Non-Governmental organisation/Eagraíocht neamhrialtasach |
| **PATH** | Programme for Access to Higher Education/Clár do Rochtain ar an Ardoideachas |
| **RTL** | Return to Learning/Fill ar an bhFoghlaim |
| **SALI** | Senior Academic Leadership Initiative/Tionscnamh Ardchinnireachta Acadúil |
| **SAR** | Scholars at Risk/Scoláirí i gContúirt |
| **SDGs** | Sustainable Development Goals/Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe |
| **STEM** | Science, Technology, Engineering and Mathematics/Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic |
| **THEA** | Technological Higher Education Association/Cumann Ardoideachais Teicneolaíochta |
| **TTT** | Turn to Teaching/Cas ar an Múineadh |
| **UN** | United Nations/Náisiúin Aontaithe |
| **UNCRPD** | Convention on the Rights of Persons with Disabilities/ Coinbhinsiún NA ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas |
| **UoSI** | University of Sanctuary Ireland/Ollscoil Tearmainn Éireann |
| **VP** | Vice-President/Leas-Phríomhoide |
| **VPED** | Vice-President for Equality and Diversity/Leas-Phríomhoide um Chomhionannas agus Éagsúlacht |
| **WISH** | Women in STEM Hume/Mná i STEM Hume |



# Déan Teagmháil Iinn


Ollscoil Mhá Nuad
Oifig an Leasuachtaráin do
Chomhionannas agus Éagsúlacht,
Maigh Nuad, Co. Chill Dara,
Éire, W23 X021

equality@mu.ie
www.maynoothuniversity.ie/edi
@EqualityMU
fb.me/EqualityMU
maynoothuni_edi